C Ó Broin MA

# Saothar is Súgradh

Ó Falluín

# Saothar is Súgradh

Aistí, Ceisteanna, Ceachta Graiméir, Múnlaí Cainte

## Clár


| Ceacht | | Leath. |
|---|---|---|
| 1. | Ag Togáil an Tí Nua | 3 |
| 2. | Troscán an Tí Nua | 4 |
| 3. | An Phlásóg is an Gairdín | 7 |
| 4. | An Lá a Chaith Mairín i bhfeighil an Tí | 8 |
| 5. | Muintir an Tí | 10 |
| 6. | An Chathair is Gaire Dom | 13 |
| 7. | Ag Siopadóireacht sa Chathair | 15 |
| 8. | Ábhair Tine | 17 |
| 9. | Gléasanna Nua-Aimseartha sa Teach | 19 |
| 10. | Chonaic Mé an Tincéir is a Chlann | 21 |
| 11. | An Feirmeoir | 23 |
| 12. | Obair an Dochtúra | 25 |
| 13. | An Gabha ag Obair | 27 |
| 14. | Bíonn Fear an Phoist go Gnóthach | 29 |
| 15. | An Búistéir ag Obair | 31 |


Ó FALLÚIN

# SAOTHAR
# IS
# SÚGRADH

Aistí, Ceisteanna, Ceachta
Graiméir, Múnlaí Cainte

C. Ó BROIN, M.A.

Ó FALLÚIN

**Saothar eile leis an údar céanna:**
**Trialacha Gaeilge**
**Tests in English**
**Practical Tests in Arithmetic**
**Stories from our History**
**Tús Saothair**

Arna fhoilsiú ag C. S. Ó Fallúin, Tta., 43 Sráid Gheata na Páirce. Arna chlóbhualadh ag clóchuallacht Chathail, Sráid Gheata na Páirce, Áth Cliath.

# 1 AG TÓGÁIL AN TÍ NUA

Tá teach nua ag Seán Óg anois. Bhíodh sé ina chónaí faoin tuath ach bheartaigh a athair teach nua a thógáil ar imeall na cathrach. Tá an teach nua go hálainn agus tá **plásóg** dheas os comhair an tí agus **garraí glasraí** ar chúl an tí. Tá **díon tíleanna** ar an teach.

Chuir Seán Óg suim mhór san obair a bhí ar siúl ag na **ceardaithe** nuair a bhí siad ag tógáil an tí. Ar dtús thóg a athair ionad oiriúnach in áit mar a bhfuil **ceantar cónaithe.**

Bhí **foireann ceardaithe** ag an foirgneoir, agus ba ghairid an mhoill orthu an teach a thógáil. I dtosach báire deineadh an **bhunsraith** a thochailt agus ansin thosaigh na **saoir** ag tógáil na mballaí. Tógadh iad de **bhloicíní stroighne.** Ansin cuireadh an díon ar an teach le tíleanna.

Ansin thosaigh obair na siúinéirí. Dhein siad an obair adhmaid—chuir siad isteach na doirse, na hurláir, an staighre is na fuinneoga. Ansin cuireadh an gloine sna fuinneoga.

Bhí **leictreoir** ag obair ann freisin ag **sreangú** an tí, agus **pluiméir** ag cur isteach na bpíopaí uisce. Ansin tháinig **pláistéir** chun an phláistéireacht a dhéanamh. Nuair a bhí na ballaí tirim, tháinig na **péintéirí** agus dhein siad an dathú ar fud an tí. Níorbh fhada go raibh gach áit go maiseach slachtmhar.

Déantaí tithe fadó de chré nó d'adhmad. Tá claonadh ann faoi láthair **tithe réamhdhéanta** a thógáil agus tá éileamh orthu toisc go bhfuil siad **inaistrithe.**

## Ceisteanna

1 Cá bhfuil Seán Óg ina chónaí anois?
2 Déan cur síos ar an teach nua.
3 Tá díon tíleanna ar an teach nua—ainmnigh dhá shaghas díon eile a fheictear ar thithe.
4 Cad é an chéad rud a dhein athair Sheáin Óig?
5 Cad a tugtar ar na daoine a bhí ag obair don fhoirgneoir?
6 Cad a deineadh ar dtús?
7 Cad a dhein na saoir?
8 Déan cur síos ar obair na siúnéirí.
9 Cá bhfios duit go raibh solas aibhléise sa teach nua?
10 Cad é an gléas solais a bhíodh sna tithe fadó?
11 Cén fáth gur deineadh pláistéireacht ar na ballaí?
12 Cad a bhí ag na péintéirí is iad ag dathú na mballaí?
13 Conas a dhéantaí tithe fadó?
14 Cad é an bua a ghabhann le tithe réamhdhéanta?
15 Cá bhfios duit go raibh dhá urlár sa teach nua?

## Gramadach

**1** Ainmnigh: (i) dhá ainmfhocal, (ii) dhá bhriathar, (iii) dhá aidiacht as alt I.

**2** Abairtí a chumadh ina mbeidh na "cainteanna" seo:
faoin tuath, ar imeall na cathrach, ar thaobh na sráide, ag bun an chnoic, ar thaobh na fothana, cois farraige, sa chathair, i lár an ghleanna, ceantar cónaithe.

**3** Meabhraigh na seanfhocail seo leanas:
Is mairg ná féachann roimhe.
Mol an óige agus tiocfaidh sí.

## Aiste

Mo theach nua.

# 2 TROSCÁN AN TÍ NUA

Nuair a bhí an teach nua ullamh cuireadh troscán isteach i ngach seomra. Cheannaigh athair Sheáin

Óig leapacha nua agus **bord maisiúcháin** do gach seomra codlata. Tá **vardrús** álainn i ngach seomra díobh agus dhein an siúinéir **caibhéid** le haghaidh éadaí. Tá na seomraí codlata in airde staighre agus ansiúd freisin tá an seomra folcaidh agus an leithreas. Sa seomra folcaidh tá **báisín níocháin** agus **folcadán** breá nua. Ar an mballa tá scáthán gleoite.

Sa bhun-urlár tá an seomra suite ina bhfuil **foireann troscáin—dhá chathaoir uilleach** agus **tolg.** Ar an urlár tá **brat cóiriste** agus ar na fuinneoga tá **dallóga veinéiseacha** agus **cuirtíní.** Tá **scáileán tine** os comhair an tinteáin ach cuirtear i leataobh é nuair a lastar an tine. Tá pianó breá anseo freisin.

Seomra breá fairsing is ea an seomra bia. Itheann muintir an tí na béilí anseo. Tá **bord** agus **cathaoireacha** agus **cornchlár** sa seomra bia. Coimeádann bean an tí na gréithe is fearr atá aici sa chornchlár. Tá **teilifíseán** sa seomra bia freisin.

Bíonn Maimí ag obair go dian sa chistin. Tá an t-ádh léi mar tá a lán **áiseanna nua-aimseartha** aici sa chistin. Tá **sorn nua aibhléise** aici le haghaidh cócaireachta. Ní bhíodh aici sa seanteach ach tine ar leac an tinteáin. Cheannaigh Daid **cuisneoir** di freisin, agus féachann sé go maorga le hais an bhalla. Is ann a choimeádann sí an **bia solofa,** mar, im, fheoil, agus bhainne go mór mór i rith an tsamhraidh. Tá go leor cófraí agus caibhéid sa chistin freisin le haghaidh na ngréithe is na n-uirlisí cócaireachta. Tá aghaidh ó dheas ar chúl an tí agus is mór an buntáiste é sin do Mhaimí mar bíonn an ghrian ag taitneamh isteach uirthi is í ag obair sa chistin.

## Ceisteanna

1 Cad a tharla nuair a bhí an teach nua ullamh?
2 Cad a cheannaigh athair Sheáin Óig do gach seomra codlata?
3 Cad a chuir Maimí sa vardrús?
4 Cad chuige an caibhéid?
5 Cá bhfuil na seomraí codlata suite?
6 Cathain a bhíonn na seomraí codlata sa bhun urlár?
7 Déan cur síos ar an seomra folcaidh.
8 Ainmnigh an fhoireann troscáin sa seomra suite?
9 Cad déantar leis an scáileán tine?
10 Cad chuige an pianó?
11 Déan cur síos ar an seomra bia.
12 Ní gá do mhuintir an tí dul go dti na pictiúir ró-mhinic —cén fáth?
13 Cén fáth go gcaitheann Maimí a lán ama sa chistin?
14 Cad iad na béilí a ullmhaíonn Maimí sa sorn aibhléise?
15 Ainmnigh na rudaí a choimeádann sí sa chuisneoir?
16 Cad chuige na cófraí atá sa chistin?
17 Cén fáth go dtaitníonn an ghrian ar chúl an tí?

## Gramadach

**1** Scríobh na briathra seo a leanas san Aimsir Chaite Tríú Pearsa Iolra, m.sh. rithim, rith siad.
éirím, buailim, ólaim, suím, fanaim,
beannaím, ceannaím, siúlaim, fágaim, ithim.

**2** Abairtí a chumadh ina mbeidh na "focail" seo leanas:

| | | |
|---|---|---|
| isteach—istigh | suas—thuas | soir—anoir |
| amach—amuigh | síos—thíos | siar—aniar |

**3** Cad é an freagra a thabharfá ar na beannachtaí seo:
(i) Dia dhuit. (ii) Dia anseo isteach. (iii) Bail ó Dhia ort. (iv) Slán agat.

**4** Meabhraigh na seanfhocail seo:
Níl aon tinteán mar do thinteán féin.
Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.

## Aiste

An chistin sa teach nua.

## 3 AN PHLÁSÓG IS AN GAIRDÍN

Bhí áthas an domhain ar Sheán Óg nuair a chonaic sé an phlásóg féir os comhair an tí. Nuair a tháinig an t-earrach ghearr sé imeall deas mórthimpeall na plásóige. Chuir Maimí bláthanna deasa ildathacha san imeall. Bhí radharc álainn le feiceáil sa samhradh nuair a bhí na bláthanna go léir faoi bhláth. Is ansin a bhí sceitimíní ar Mhaimí mar ise atá i bhfeighil gairdín na mbláthanna. **Lomann** Seán Óg an féar di leis an **lomaire faiche** agus bíonn sé mórálach as a chuid saothair.

Tá garraí glasraí ar chúl an tí agus is é Daid a bhíonn i mbun oibre anseo. Cuireann sé prátaí, cabáiste, inniúin, cairéid, tím, peirsil agus leitís ann. Bíonn toradh maith ar a shaothar mar is garraíodóir tuisceanach é Daid.

Ní gá do Mhaimí glasraí i gcomhair an tí a cheannach mar bíonn go leor díobh ag fás sa gharraí agus iad go breá úr aici i gcónaí. Cabhraíonn Seán Óg le Daidí freisin. Coimeádann sé an garraí go deas glan ionas ná bíonn fiaile ar bith le feiceáil ann.

Ar chúl an tí freisin tá **teach an ghuail** agus **leithreas.** Tá **conchró** deas néata ann leis agus is anseo a chodlaíonn an madra atá ag Seán Óg. Bíonn saol breá ag an madra céanna mar tugann Seán Óg togha na haire dó agus tá rian a choda air cheana féin.

### Ceisteanna

1 Cad tá le feiceáil os comhair an tí?
2 Cad a dhein Seán Óg san earrach?
3 Cén fáth gur ghearr sé imeall mórthimpeall na plásóige?
4 Cá bhfios duit go bhfuil Maimí i bhfeighil na plásóige?
5 Cad d'fheicfeá sa phlásóg i rith an tsamhraidh?
6 Cad a dhéanann Seán Óg leis an lomaire faiche?

7 Cathain a lomann sé an féar?
8 Cad tá le feiceáil ar chúl an tí?
9 Ainmnigh na glasraí a chuireann Daid sa gharraí glasraí.
10 Cá bhfios duit gur garraíodóir tuisceanach Daid?
11 Tugann Seán Óg cabhair do Dhaid freisin—cad a dhéanann sé?
12 Dá bhfágfadh sé na fiailí ag fás cad a tharlódh?
13 Cá bhfios duit go mbíonn Daid sásta le hobair Sheáin Óig?
14 Tugtar conchró ar theach an mhadra—cad tugtar ar an teach a bhíonn ag (i) na cearca (ii) na muca (iii) an capall (iv) an bhó.
15 Cá bhfios duit go bhfaigheann an madra go leor le n-ithe?

**Gramadach**

1 Scríobh na briathra seo a leanas san Aimsir Chaite Céad Phearsa Iolra:
téim, tagaim, bheirim, cloisim, tugaim, feicim, faighim, ithim, féachaim.
2 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:
fonn troda, fonn imeartha, fonn codlata, fonn siúil, fonn goil, fonn oibre.
3 Meabhraigh na seanfhocail seo leanas:
(i) Molann an obair an fear.
(ii) An té ná cuireann san earrach ní bhainfidh sé sa bhfómhar.

**Aiste**

Bíonn mé ag cabhrú le Maimí;
nó
Bíonn mé ag cabhrú le Daidí.

## 4 AN LÁ A CHAITH MÁIRÍN I bhFEIGHIL AN TÍ

Cailín beag bídeach is ea Máirín. Is deirfiúr le Seán Óg í. Lá amháin d'imigh a máthair go dtí an chathair agus d'fhág sí Máirín i bhfeighil an tí. D'ullmhaigh Maimí an bricfeasta agus nuair a bhí sí imithe nigh Máirín na gréithe agus scuab sí an t-urlár go glan.

Ar a deich a chlog chuir sí glao gutháin ar an mbúistéir agus d'ordaigh sí **ceathrú chaoireola** i gcomhair an dinnéir. Nuair a tháinig an fheoil chuir sí san **oighean** í chun í róstadh. Nigh sí na prátaí agus chuir sí isteach sa chorcán iad le huisce agus chuir sí ar an sorn aibhléise iad. D'ullmhaigh sí cairéid freisin agus bhí **glóthach** is **uachtar** mar **iarbhéile** aici. Thaitin an dinnéar go mór le muintir an tí. Chóirigh sí na leapacha um thráthnóna. Bhí **tocht, bráillíní, blaincéid, adhairt** is **cuilt** ar gach leaba. Ansin scuab sí na seomraí codlata.

D'ullmhaigh sí ceapairí i gcomhair an tae. Bhí ceapairí trátaí is cáise is ubh is feola ar an mbord aici don tae. Dúirt Daid nár ith sé riamh ceapairí ní ba dheise.

Nuair a bhí an tae thart dhein Máirín císte. Ar dtús chuir sí an plúr i mbáisín agus chaith sí gráinne de shóid aráin tríd. Dhoirt sí bainne géar isteach ansin agus dhein sí é mheascadh go maith leis an plúr go raibh an **taos fuinte** aici. Ansin chuir sí an taos **leis an oighean** chun an císte a bhácáil. Nuair a bhí an císte bácálta thóg sí as an oighean é agus d'fhág sí ar an **trádaire** é chun é d'fhuarú. Cócaire iontach is ea Máirín bail ó Dhia uirthi.

Geallaimse duit gur chodail Máirín go sámh an oíche sin mar bhí sí traochta.

**Ceisteanna**

1 Conas a tharla go raibh Máirín i bhfeighil an tí?
2 Ainmnigh na gréithe a bhí ar an mbord don bhricfeasta?
3 Cad d'ordaigh sí ón bhúistéir?
4 Ainmnigh dhá shaghas eile feola.
5 Cathain a dhein sí an glóthach an dóigh leat?
6 Cad a dhein Máirín um thráthnóna?
7 Ainmnigh na héadaí leapa a bhí ar gach leaba.

8 Cad d'ullmhaigh Máirín i gcomhair an tae?
9 Conas a dhéanfá ceapaire cáise?
10 Cad a dhein Máirín nuair a bhí an tae thart?
11 Déanann muintir na tuaithe cístí de ghnáth—cá bhfaigheann muintir na cathrach an t-arán?
12 Cioca b'fhearr leat an císte a dhéanann do Mhaimí nó an bhulóg a cheannaítear? Cén fáth?
13 Bhí tuirse ar Mháirín an oíche sin—cén fáth?
14 Cá bhfios duit gur thaitin na ceapairí le Daid?
15 Cabhraíonn Máirín le Maimí de ghnáth—cén fáth go measann tú é sin?

**Gramadach**

**1** Líon na beárnaí sna habairtí seo a leanas:

—— Seán Óg go luath gach maidin. —— sé as an leaba. —— sé go dtí an seomra folcaidh agus —— sé a aghaidh is a lámha. —— sé a chuid gruaige ansin. —— sé a phaidreacha agus —— sé anuas an staighre. —— sé a bhricfeasta. —— sé a chóta mór air agus —— sé ar scoil. —— sé an scoil ar a naoi a chlog is —— sé ar obair an lae.

**2** Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:

go borg, go cneasta, go mall, go tapaidh, go feargach, go soiléir, go solamanta, go héasca, go glórach, go hálainn, go dorcha, go cráite.

**3** Chuir "sheas mé in aice" roimh gach ceann díobh so leanas agus déan cibé athrú is gá:

(i) an fear, (ii) an doras, (iii) an garsún, (iv) an bóthar, (v) an casán, (vi) an capall, (vii) an t-asal, (viii) an stól, (ix) an teach, (x) an seomra.

**Aiste**

An lá a chaith mé i bhfeighil an tí;
nó
Chonaic mé Máirín ag déanamh an chiste.

# 5 MUINTIR AN TÍ

Tá clann mhór ag Mac Uí Bhriain agus a bhean chéile. Triúr garsún agus beirt chailín atá acu. Is é Seán Óg an duine is sine orthu—tugadh Seán

Óg air mar tá Seán ar a athair freisin. Buachaill mór láidir is ea é anois, bail ó Dhia air. Tá sé bliana déag slánaithe aige agus tá sé ag obair ar an bhfeirm lena athair. Tá gruaig fhionn air agus dhá shúil ghorma ag rince ina cheann. Tá sé ina rúnaí ar Mhacra na Feirme agus taitníonn an obair go mór leis. Bailíonn sé a lán eolais i dtaobh imeachtaí na feirme agus is iontach an **t-oráidí** é. Beidh sé ina fheirmeoir ealaíonta ar ball.

**Cúpla** is ea Tadhg agus Tomás. Tá siad **ar chomhaois** agus iad an-chosúil le chéile. Tá Tadhg níos airde ná Tomás. Nuair a bhíonn siad gléasta is deacair iad d'aithint óna chéile. Thosaigh siad ag dul go meánscoil sa chathair i mbliana. Scoláirí lae is ea iad agus téann siad go dtí an coláiste ar rothair gach lá. Deireann Tadhg go rachaidh sé chun sagartóireachta nuair a bheidh an cúrsa sa choláiste déanta aige. Níl tuairim dá laghad ag Tomás fós cad déanfaidh sé féin.

Cailín beag bídeach is ea Máirín. Tá sí deich mbliana d'aois agus tá sí ag freastal ar an scoil náisiúnta go fóill. Cabhraíonn sí lena Maimí gach tráthnóna agus bíonn fonn oibre uirthi i gcónaí. Is í Úna peata an tí. Cailín beag gleoite aerach is ea í agus is lena máthair a ghabhann sí.

Tá Uncail is Aintín leo ina gcónaí sa chathair agus tá siopa mór acu. Tá seanathair leo athair a n-athar—ina chónaí leo freisin agus **baintreach fir** is ea é anois. D'éag a bhean bliain ó shin agus bhí brón an domhain ar na páistí is ar na tuismitheoirí.

Bhí siad go léir an-cheanúil uirthi agus thugadh sí milseáin is torthaí chucu go minic. Ní dhéanann siad dearmad ar phaidir a rá di nuair a bhíonn an Choróin Mhuire ar siúl acu gach oíche. Bean bhreá fhlaithiúil ba ea í, beannacht Dé lena hanam.

## Ceisteanna

1 An mó duine ar fad atá sa chlann?
2 Cé hé an duine is sine den chlann?
3 Cén fáth gur tugadh Seán Óg air?
4 Déan cur síos beacht ar Sheán Óg—bíodh cúig abairt sa bhfreagra agat.
5 Cad é an gnó atá idir lámha aige?
6 Cén fáth gur ghlac sé páirt i Macra na Feirme?
7 Cá bhfios duit go bhfuil Tadhg agus Tomás an-chosúil le céile?
8 Scoláirí lae is ea iad—cad tugtar ar bhuachaillí a fhanann i gcoláiste?
9 Cabhraíonn Máirín lena máthair—inis cuid de na rudaí a dhéanann sí di?
10 Cén fáth an dóigh leat gurab í Úna an peata?
11 Cad é an tslí bheatha atá ag Uncail na bpáistí?
12 Cad a tharla dá seanmháthair?
13 Cá bhfios duit go raibh na páistí an-cheanúil uirthi?
14 Bean fhlaithiúil ba ea í—tabhair sampla amháin a chruthaíonn an tuairim sin.
15 Cad déantar nuair a fhaigheann duine bás?

## Gramadach

**1** Cuir "dúirt Seán le Tomás" roimh na habairtí seo a leanas:

(i) Éirigh i do sheasamh. (ii) Tóg an leabhar rolla i do láimh. (iii) Tabhair don phríomh-oide é. (iv) Ná bí amuigh i bhfad. (v) Tar ar ais go dtí do rang láithreach. (vi) Buail cnag ar an doras nuair a bheidh tú ag dul isteach go seomra an phríomh-oide. (vii) Faigh píosa cailce freisin. (viii) Gaibh buíochas leis.

**2** Abairtí a chumadh ina mbeidh na "cainteanna" seo a leanas:

Is sine, is óige, níos laige, níos mó, is ar éigean, is cuma liom, is fada uaim, is fearr liom.

**3** Críocnaigh na habairtí seo a leanas:

(i) Bhí fearg orm nuair . . .

(ii) Bhí sceitimíní ar Sheán nuair . . .

(iii) Bhí brón ar Shíle nuair . . .

(iv) Bhí tuirse ar Thomás nuair . . .
(v) Bhí Séamas ag cur allais nuair . . .
(vi) Bhí eagla ar Úna nuair . . .

**Aiste**

Mo mhuintir.

## 6 AN CHATHAIR IS GAIRE DOM

Is í cathair Chorcaí an chathair is gaire dom. Is í príomh-chathair an deiscirt í. Tá sí suite ar abhainn na Laoi a ritheann go maorga trí lár na cathrach.

Tá a lán foirgneamh breátha le feiceáil sa chathair. Tá siopaí móra de gach saghas inti. Tugtar Sráid Phádraig ar an bpríomhsráid. Sráid bhreá leathan is ea í. Bíonn an trácht an-líonmhar anseo agus córacha taistil de gach sórt le feiceáil ag gabháil thart uirthi ó mhaidin go hoíche. Tá soilse tráchta ag áiteanna oiriúnacha chun an trácht a stiúiriú agus bíonn na Gardaí go gnóthach freisin chun eagar a chur ar gach rud.

I measc na bhfoirgneamh tá siopaí móra. Teach na Cúirte, Bainc, Pictiúrlanna, Tithe Ósta agus Séipéil ársa dea-chumtha. Tá halla na cathrach ann freisin agus is anseo a thagann Bardas na Cathrach le chéile chun gnóthaí na cathrach a riaradh.

Bhí amharclann bhreá sa chathair roinnt blianta ó shin ach dódh í. Táthar ag súil go mbunófar ceann nua sar i bhfad mar tá dian-ghá lena leithéid sa chathair.

Tá muintir na cathrach an-mhórálach as a gcathair agus coimeádann siad go glan néata slachtmhar í. Tá an chathair ag leathnú in aghaidh na bliana agus tá a lán ceantar cónaithe nua bunaithe ar imeall na cathrach le déanaí.

Tá a lán monarchan bunaithe in aice na cathrach.

Bunaíodh Aerfort nua ann freisin. Is mór an buntáiste é sin don chathair idir chúrsaí gnótha is chúrsaí turasóireachta. Tá cúig séipéal nua le feiceáil ar imeall na cathrach freisin chun freastal ar an bpobal atá ag dul i líonmhaireacht in aghaidh na bliana.

### Ceisteanna

1 Cathair is ea Corcaigh—ainmnigh trí chathair eile sa tír agus na haibhneacha ar a bhfuil siad suite.
2 Déan cur síos ar Shráid Phádraig.
3 Ainmnigh an phríomh sráid i gcathair Bhaile Átha Cliath.
4 Cad chuige na soilse tráchta?
5 "Bíonn córacha taistil de gach sórt le feiceáil"—ainmnigh cuid acu.
6 Cad a dhéanann Bardas na Cathrach?
7 Cá bhfios duit go gcuireann muintir na cathrach suim inti?
8 Cad d'fheicfeá sna ceantair cónaithe?
9 Cén fáth gur bunaíodh Aerfort ar imeall na cathrach?
10 Cén fáth gur bunaíodh na Seipéil nua ar imeall na cathrach?

### Gramadach

**1** Athscríobh na habairtí seo a leanas san Aimsir Fháistineach: (*a*) 3ú Pearsa Uatha agus (*b*) 3ú Pearsa Iolra.

(i) Dhúnamar doras an tí. (ii) Chuireamar ár gcótaí orainn. (iii) Shroicheamar an geata. (iv) D'ólamar an bainne. (v) Mholamar na buachaillí. (vi) Bhriseamar na cupáin. (vii) Shábhálamar na leanaí. (viii) Thionólamar an cruinniú. (ix) Thiomáineamar na capaill abhaile. (x) Dhómar an teach.

**2** (i) Scríobh an tAinmneach Iolra de na focail seo:

An naomh, an garsún, an tarbh, an corp, an dearmad, an pictiúir, an rothar, an bord, an buicéad, an séipéal.

(ii) Cuir an réamhfhocal "ar" roimh gach ainm atá luaite thuas.

**3** Cuir an réamhfhocal comhshuite "le hais" roimh gach ainm freisin.

4 Scríobh abairtí ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas: i gcionn scathaimh, ghlac scéin iad, diaidh ar ndiaidh, thug sé aghaidh, bhí a chroí ina bhéal aige, níorbh fhada, ó am go ham.

**Aiste**

An chathair is gaire dom;
nó
An Baile Mór is gaire dom.

# 7 AG SIOPADÓIREACHT SA CHATHAIR

Bíonn siopaí de gach cineál idir siopaí móra agus siopaí beaga, siopaí **mórdhíola** agus siopaí **miondíola** le feiceáil i gcathair agus na mílte ag siopadóireacht iontu. Bíonn siopaí éadaigh ina ndíoltar cultacha éadaigh agus baill éadaigh de gach sórt.

I siopa lóin agus siopa feola díoltar gach sórt bia. Is iontu a gheobhfá prátaí, tae, siúcra, trátaí, torthaí agus glasraí de gach saghas.

**I siopa poitigéara** díoltar **buadáin, foireann máisiúcháin, ungadh, peallairí** agus **purgóidí** den uile chineál. Más áil le duine **oideas dochtúra** a ullmhú téann sé go dtí an poitigéar leis.

Chuirfeadh **siopa seodóra** gliondar croí ar dhuine. Is ann a bhíonn **uaireadóirí** agus **cloig, fáinní gealltanais** agus **fáinní pósta** agus **seodra** de gach sórt á ndíol ag an seodóir.

Tugtar **tábhairneoir** ar an té a bhíonn i mbun tábhairne. Bíonn deochanna de gach cineál ar díol aige idir **dheochanna meisciúla** agus **dheochanna glasa.** Ní mór don tábhairneoir **ceadúnas** a fháil ón Stát chun deochanna meisciúla a dhíol. Ní mór dó freisin an siopa a bheith dúnta aige ag amanna áirithe.

Díoltar gach sort **innealra** agus gréithe don teach i **siopa crua-earraí.**

Díoltar **gléasanna leictreachais** de gach sórt i siopaí eile agus bíonn **leictreoir** i mbun na hoibre iontu. Bíonn **craolacháin** agus **teilifíseán** sna siopaí sin freisin.

Ní gá do dhaoine earraí a cheannach ar airgead síos faoi láthair mar cuirtear **córas glasceannaigh** ar fáil dóibh ina lán siopaí móra.

Bíonn **garáistí** le feiceáil go forleathan sa chathair agus faoin tuath chun freastal ar **úinéirí** gluaisteán. Bíonn meicneoirí gluaisteán ag obair iontu. Feictear **caidéil peitril** taobh amuigh de gharáiste go minic freisin.

### Ceisteanna

1 Ainmnigh na cineáil siopaí a bhíonn le feiceáil sa chathair.
2 Cén fáth go dtagann na sluaite ag siopadóireacht go dtí an chathair?
3 Cad iad na rudaí a díoltar (i) i siopa lóin, (ii) i siopa éadaigh.
4 Cé bhíonn i bhfeighil siopa poitigéara?
5 Conas a bhíonn sé gléasta?
6 Cad a dhéanfá le hoideas dochtúra?
7 Cén fáth go gcuirfeadh siopa seodóra áthas ar do chroí?
8 Cad iad an dá shaghas deochanna a díoltar i dteach tábhairne?
9 Cad díoltar i siopa crua-earraí?
10 Cad a dhéanann an leictreoir?
11 Cén fáth go mbíonn garáistí le feiceáil chomh flúirseach sa chathair?
12 Cad chuige caidéil peitril?

### Gramadach

**1** Scríobh na briathra seo a leanas san Aimsir Fháistineach (*a*) 2ú Pearsa Uatha agus (*b*) 1ú Pearsa Iolra:

Beannaím, cruinním, ceanglaím, díbrím, codlaím, éirím, freagraím, fuasclaím, eitlím, imrím, insím, foghlaimím.

2 (i) Scríobh an tAinmneach Iolra de na focail seo:
An chlann, an bheach, an long, an bhaintreach, an chrúb, an sceach, an scuab, an bhullóg, an chasóg, an fhuinneog, an cláirseach, an cheist, an pháirc, an scoil, an abairt, an phingin, an chistin, an obair, an phaidir.
(ii) Cuir an réamhfhocal "ag" roimh gach ainm atá luaite thuas.
(iii) Cuir an réamhfhocal comhshuite "in aice" roimh gach ainm freisin.

3 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo:
ag freastal, leigheas, pioc, go cíocrach, i gcéin is i gcóngar, dóbair dom, ó bhaitheas go bonn, go gléineach, ar éigean.

**Aiste**

Siopadóireacht na Nollag.

## 8 ÁBHAIR TINE

De ghnáth úsáidtear gual nó móin nó adhmad mar abhair tine. Feictear **tine gáis** nó **tine aibhléise** freisin in áiteanna ina bhfuil na háiseanna sin ar fáil.

**Allmhairítear** an chuid is mó den ghual ó Shasana agus ón Bhreatain Bheag agus le déanaí ó Mheiriceá agus ón Ghearmáin. Faightear an gual sna **mianaigh ghuail** agus tugtar anall chugainn é sna **gual-longa.** Bhí an gual an-fhlúirseach tráth ach tá cuid de na mianaigh ídithe anois agus costas an ghuail imithe thar fóir.

Dóití móin go forleathan amuigh faoin tuath i gcónaí mar bhíodh sí ar fáil saor sna portaigh atá go flúirseach ar fud na tíre. Ó bunaíodh Bord na Móna tá **bricíní móna** agus **móin innealra** ar díol agus glaoch orthu i ngach aird den tír.

Ba chóir dúinn go léir cabhrú le tionscal na móna anseo mar fostaítear a lán oibrí agus tá an

mhóin innealra chomh maith le gual mar chóir teasa.

Fadó nuair a bhí an tír faoi choillte dóití a lán adhmaid ach leagadh na crainn. Tá iarracht idir lámha anois chun crainn a chur ag fás go fairsing arís.

### Ceisteanna

1 Cad iad na hábhair tine a n-úsáidtear de ghnáth?
2 Cá bh'fheicfeá (i) tine gáis, (ii) tine aibhléise?
3 Ainmnigh na tíortha a chuireann gual chugainn.
4 Cad a thuigeann tú le gual-longa?
5 Cén fáth ná fuil gual ar fáil chomh flúirseach anois?
6 Cén fáth go bhfuil an gual an-daor faoi láthair?
7 Cá bhfaightear an mhóin?
8 Conas a chabhraigh Bord na Móna le tionscal na móna?
9 Cén fáth gur chóir dúinn cabhrú le tionscal na móna?
10 Cathain a dóití adhmad go forleathan sa tír?
11 Cé acu bhfearr leat gual nó móin mar ábhar tine? Cén fáth?
12 Déan cur síos ar na buntáistí a ghabhann le crainn a chur ag fás go forleathan arís.

### Gramadach

**1** Scríobh na briathra seo a leanas san Aimsir Fháistineach: (*a*) 1ú Pearsa Uatha agus (*b*) 3ú Pearsa Iolra.
Beirim, déanaim, faighim, feicim, ithim, tagaim, téim, tugaim, táim, cloisim.

**2** (i) Scríobh an tAinmneach Iolra de na focail seo:
An bhuíon, an phian, an choill, an spéir, an tír, an choinneal, an chulaith, an fhoireann, an ghualainn, an scian, an sliabh, an chos, an lámh, an bhos, an bhróg, an chluas.
(ii) Cuir an réamhfhocal "sa" roimh gach ainm atá luaite thuas.
(iii) Cuir an réamhfhocal comhshuite "os comhair" roimh gach ainm freisin.

3 Scríobh abairtí ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas: Cheana, ar ball, ar dtús, um thráthnóna, istoíche, go deo, go brách, go fóill, go minic, go hannamh, leadránach, roimh éirí gréine.

**Aiste**

Chaith mé lá sa phortach.

# 9 GLÉASANNA NUA-AIMSEARTHA SA TEACH

Is iontach an méid **gléasanna nua-aimseartha** atá le fáil le fiche bliain anuas chun dul i gcabhair ar bhean an tí ina cuid oibre. Sa sean aimsir ní bhíodh sos ná suaimhneas aici ach ag sclábhaíocht ar a dícheall ó mhaidin go hoíche. Tá athrú ar an scéal buíochas le Dia agus faoi láthair tá saol i bhfad níos sonasaí aici agus is mithid é.

Ba mhór an buntáiste dár mhuintir é nuair thosaigh an rialtas le **scéim aibhléisiú na tuaithe.** Tá sé beagnach curtha i gcrích anois agus ní fada uainn an lá go mbeidh **leictreachas** ar fáil go forleathan ar fud na tíre.

Do réir mar a chuaigh an scéim nua chun cinn d'éirigh comhlachtaí gnóthach ag cumadh **aireagáin nua-aimseartha** a chabhródh le bean an tí ina cuid oibre. Díoltar an-chuid **gléasanna leictreachais** faoi láthair. Ina measc siúd tá **bruthairí leictreachais** chun cócaireacht an tí a dhéanamh. Tá **meaisíní níocháin** ar díol freisin a chuireann deireadh go deo le sclábhaíocht níocháin na sean-aimsire. Tá **cuisneoirí** ar fáil anois chun **bia solofa** mar bhainne, im, agus fheoil a choimeád go breá úr, go mór mór i rith an tsamhraidh; tá **folúsghlantóirí** ar fáil chun cairpéid agus mataí a scuabadh chomh glan le biorán nua. Agus mar bharr orthu go léir tá

**níocháin méise** ar an margadh chun na gréithe a ní is a thiormú.

Cuireadh **córas glasceannaigh** ar bun cúpla bliain ó shin chun go mbeadh muintir na tuaithe in ann na gléasanna nua a cheannach, trí éarlais do dhíol agus **tráthchoda** ina dhiaidh sin.

Tá dul chun cinn iontach déanta freisin chun sult is pléisiúr a sholáthar don chine daona ina dtithe féin. Mar bharr ar na hiarrachtaí sin tá **ré na teilifíse** buailte linn agus ní fada uainn an lá go mbeidh teilifíseáin go forleathan ar fud na tíre.

### Ceisteanna

1 Déan comparáid idir an saol a bhíodh ag bean an tí fadó agus a bhíonn aici faoi láthair.
2 Cad a dhein an rialtas chun teacht i gcabhair ar mhuintir na tuaithe?
3 Cad a dhein na comhlachtaí gnótha ar mhaithe le bean an tí?
4 Cad iad na buanna a ghabhann le cuisneoirí?
5 Conas a ghlantaí cairpéid fadó?
6 Cad déantar leo anois?
7 Mínigh conas a cheannófá gléas trí chóras glasceannaigh?
8 Cad tá déanta le déanaí chun pléisiúr a sholáthar do dhaoine ina dtithe féin?
9 Cad é an difríocht is mó idir an craolachán is an teilifíseán?
10 Ainmnigh cuid de na sean-áiseanna a bhíodh in usáid le haghaidh cócaireachta.

### Gramadach

**1** Scríobh na briathra seo a leanas sa Mhodh Coinníollach: (*a*) 1ú Pearsa Uatha, (*b*) 3ú Pearsa Iolra.
Tógaim, buailim, fágaim, siúlaim, rithim, fanaim, brisim, féachaim, iarraim, stadaim, bainim, stoithim.

**2** (i) Scríobh an tAinmneach Iolra de na focail seo:
An tailliúir, an siúinéir, an buachaill, an ceoltóir, an feirmeoir, an fiaclóir, an saighdiúir, an tincéir, an ceacht, an gleann, an cath, an greim, an snáth, an sruth, an mhóin, an bhliain, an roth.

(ii) Cuir an réamhfhocal "roimh" roimh gach ainm atá luaite thuas.
(iii) Cuir an réamhfhocal comhshuite "i ndiaidh" roimh gach ainm freisin.
(iv) Scríobh abairtí ina mbeidh na cainteanna seo a leanas:
Lasmuigh, laistigh, ó thuaidh, ó dheas, anseo, anonn, anall, aníos, anuas, aneas, aduaidh.

**Aiste**

Tá saol breá ag Maimí anois;
nó
Cheannaigh Daidí Teilifíseán.

## 10 CHONAIC MÉ AN TINCÉIR IS A CHLANN

Tráthnóna breá samhraidh ba ea é. Bhí an ghrian ag dul faoi san iarthar agus bhí réiltíní órga ag rince go gléineach sa spéir. Chuaigh mé amach ag siúl dom féin faoin tuath. Bhí suaimhneas i ngach áit. Lean mé ar aghaidh go dtáinig mé go dtí imeall na coille i bhfad amach ón chathair.

I bpreib na súl chuala mé an gleo. Bhí páistí óga ag liúraigh is ag béiceadh agus bhí sean-chapall ar fosaíocht ar thaobh an bhóthair. Ní raibh ann ach na cnámha agus bhí **dreach** an ocrais air. Timpeall an chúinne chonaic mé an vaigín agus bhí fhios agam ansin cé bhí ann. B'é an tincéir is a chlann a bhí ann agus iad ag cur fúthu faoi scáth crainn daraí. Bhí an tincéir ag obair in aice tine agus a bhean ina suí go breá compordach ag ligean a scíthe taobh leis. Bhí an tincéir ag **deisiú friochtán** briste le **hiarann táthaithe** agus **píosa borrais.** Bhí cuma na hoibre air—bhí muinchillí a léine fillte suas go guaillí aige agus caipín stróicthe ar a cheann. Ansin chonaic mé uirlisí eile an tincéara—an **siosúr mór, píosa stáin** agus **casúr.**

Chonaic mé mac an tincéara ina shuí ar dhréimire in aice an vaigín, is é ag feannadh coinín.

Níorbh fhada go bhfaca mé iníon an tincéara ag filleadh ón chathair is páiste beag ina baclainn aici. Bhí mála aici freisin agus é lán go béal. Bhí sí ag lorg déirce ar fud na cathrach i rith an lae agus bhí toradh a saothair le feiceáil nuair d'oscail sí an mála.

Ar mo shlí abhaile bhí mé ag smaoineamh ar an saol aisteach a chaitheann an tincéir.

### Ceisteanna

1 Déan cur síos ar an tráthnóna gur chuaigh an t-údar ag siúl.
2 Cén fáth dar leat gur thug an t-údar faoi deara go raibh gach rud go ciúin amuigh faoin tuath?
3 Cá raibh an choill suite?
4 Cad a chuir isteach ar an suaimhneas?
5 Bhí saol crua ag an gcapall a bhí ar thaobh an bhóthair—cén fáth go ndéarfá é sin?
6 Déan cur síos ar an radharc a bhí le feiceáil timpeall an chúinne.
7 Ní raibh bean an tincéara ag obair—cá bhfios duit?
8 Cad iad na huirlisí a chonaic an t-údar?
9 Déan cur síos ar mhac an tincéara.
10 Cén fáth an dóigh leat gur thóg iníon an tincéara páiste óg léi is í ag lorg déirce?
11 "Casadh daoine flaithiúla uirthi an lá sin"—cá bhfios duit?
12 Ainmnigh na hainmhithe a bhíonn ag tincéirí de ghnáth.

### Gramadach

1 Scríobh na briathra seo a leanas sa Mhodh Coinníollach: (*a*) 3ú Pearsa Uatha agus (*b*) 1ú Pearsa Iolra:
Dúisím, bailím, beannaím, díbrím, imrím, fógraím, freagraím, fuasclaím, osclaím, músclaím, codlaím, tosaím, aithním, insím.

2 (i) Scríobh an Uimhir Iolra de na focail seo:
An fáinne, an bhanaltra, an t-iascaire, an nóta, an píopa, an toitín, an siopa, an cluiche, an gairdín, an coinín, an bríste, an béile.
(ii) Cuir an réamhfhocal "as" roimh gach ainm atá luaite thuas.

(iii) Cuir an réamhfhocal comhshuite "in aice" roimh gach ainm freisin.

3 Ceap ceisteanna ina mbeidh na dobhriathra ceisteacha seo a leanas:

Cathain? Cén fáth? Cad chuige? Conas? Cén uair? Cad na thaobh? Cén áit? Cé mhéad? An fada?

**Aiste**

An tincéir ag an aonach.

## 11 AN FEIRMEOIR

Feirmeoir is ea Seán Ó Sé. Tá feirm bhreá mhór aige amuigh faoin tuath. Tá céad acra de thalamh thorthúil sa bhfeirm. Bíonn Seán is a chlann ag obair go dian dícheallach ó cheann ceann na bliana. Tugtar **feirmeoireacht** ar a chuid oibre. Éiríonn Seán le bánú lae gach maidin agus tosaíonn sé ag obair. I dtosach báire ní mór dó na ba a chrú agus an bainne a thógáil go dtí **an uachtarlann.**

Bíonn obair faoi leith ar siúl aige i ngach séasúr. Le linn an earraigh caithfidh sé an talamh a threabhadh agus na síolta a chur mar an té ná cuireann san earrach ní bhainfidh sé sa bhfómhar.

I dtosach an tsamhraidh tagann **meitheal** chuige chun an mhóin a bhaint dó. Tugann Seán bia agus deoch go fial flaithiúil dóibh agus baineann siad go léir taitneamh as an obair. Bíonn Seán sásta leis féin nuair a bhíonn an mhóin tugtha abhaile aige agus curtha isteach sa scioból. Ansin baineann sé an féar agus níos déanaí an chruithneacht is an eorna.

Nuair a thagann fómhar na flúirse bíonn gliondar croí ar Sheán mar ansin bíonn toradh a shaothair le feiceáil. Oibríonn sé féin is a chlann ó mhaidin go hoíche i rith an fhómhair ag baint na mbarraí.

Díolann sé a chuid biatais chun siúcra a sholáthar don náisiún.

Nuair a thagann an geimhreadh bíonn Seán ar a sháimhín só mar bíonn a chuid oibre déanta agus seans aige a scíth a ligean dó féin agus í tuillte go maith aige.

Bhíodh Seán ag brath go mór ar an chapall fadó chun a chuid oibre a dhéanamh dó. Ach anois tá ré an chapaill thart beagnach, agus tá na **hinnill nua-aimseartha** aige ina áit. Is iontach an faoiseamh a thugann sin dó ach uaireanta tagann brón air nuair a dhéanann sé cur síos ar na capaill bhreátha láidre a bhíodh aige sa seanaimsir.

## Ceisteanna

1 Cá bhfios duit go bhfuil feirm mhór ag Seán Ó Sé?
2 Cé bhíonn ag obair leis?
3 Cén fáth go n-éiríonn Seán go luath ar maidin?
4 Cad a déantar leis an bainne nuair a tógtar go dtí an uachtarlann é?
5 Déan cur síos ar obair an fheirmeora san earrach?
6 Cad is brí le meitheal?
7 Cén fáth go mbíonn Seán chomh flaithiúil sin leis an meitheal?
8 Cad a tharlódh dá mbriseadh an aimsir sula mbeadh an mhóin tugtha abhaile ag Seán?
9 Cén fáth go dtugtar fómhar na fiúirse ar an bhfómhar?
10 Cá bhfuil na monarcain siúcra suite in Éirinn?
11 Cén fáth go ligeann Seán a scíth sa gheimhreadh?
12 Ní bhíonn Seán ag brath ar an gcapall anois—cén fáth go gceapann tú é sin?

## Gramadach

**1** Scríobh na briathra seo a leanas sa Mhodh Coinníollach: (*a*) 1ú Pearsa Uatha, agus (*b*) 3ú Pearsa Iolra.
Beirim, déanaim, faighim, feicim, ithim, tagaim, téim, tugaim, táim, cloisim.

2 (i) Scríobh an tAinmneach Iolra de na focail seo:
An baile, an cró, an sloinne, an slua, an croí, an dlí, an rí, an t-ainmhí, an gabha, an tine, an cú, an giorria, an ghé, an oíche, an teanga, an bhó.
(ii) Cuir an réamhfhocal "ag" roimh gach ainm atá luaite thuas.
(iii) Cuir an réamhfhocal comhshuite "i láthair" roimh gach ainm freisin.

3 Scríobh abairtí ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:
Go ciúin, go réidh, go socair, os árd, os íseal, in éineacht, ar buile, i ndiaidh mo chinn.

**Aiste**

Lá is saol an fheirmeora.

## 12 OBAIR AN DOCHTÚRA

**I** Dochtúir óg is ea Tomás Ó Murchú. Tá sé ina chónaí i dteach an dochtúra ar imeall an bhaile mhóir. Fear an-ghnóthach is ea an Dochtúir Tomás mar tá **eolas a cheirde** ar fheabhas aige agus tá muinín ag muintir an bhaile as. Chaith Tomás seacht mbliana san Ollscoil ag freastal ar léachtaí agus ag déanamh **obair phraiticiúil** sna hospidéil ar fud na cathrach. Is mó oíche fhada a chaith sé ag staidéar go dian dícheallach. I ndeireadh na dála d'éirigh leis sa scrúdú agus **bronnadh céim dochtúra** air.

**II** Ansin d'imigh sé go Sasana agus chaith sé dhá bhliain ag obair in ospidéal ann. Le linn an ama sin d'fhoghlaim sé conas gach galar a thagann ar an duine idir óg is aosta a leigheas.

Ansin tháinig sé abhaile agus chuaigh sé **i gceann gnóthaí dochtúra** anseo.

**III** Nuair a bhíonn duine breoite sa cheantar cuirtear fios ar an Dochtúir Ó Murchú. Nuair a thagann sé go dtí **teach an othair** tosaíonn sé ag

obair láithreach. Ar dtús féachann sé ar a theanga agus **braitheann sé bualadh a chuisle.** Ansin tógann sé **teocht** an othair, leis an **teasmhéadar.**

**IV** Bíonn tuairim aige ó chomharthaí an tinnis cad é an galar a bhíonn air. Má bhíonn sé sásta ón **tátal** gur **galar contúirteach** nó **tógálach** atá ar an othar cuireann sé go dtí ospidéal é faoi chúram **Saineolaí,** ach más gnáthghalar é scríobhann sé oideas nó tugann sé **instealladh** don othar. Tógann muintir an othair an t-oideas go siopa poitigéara chun **peallairí** nó **buidéal leighis** d'fháil don othar. Tugann sé cuairt air gach lá go mbíonn **biseach** air. Má bhíonn obráid riachtanach cuireann sé go dtí ospidéal é faoi chúram **máinlia.**

**V** Cuirtear fios air freisin nuair a tharlaíonn timpiste. Tugann sé leis a mhála ina mbíonn uirlisí a cheirde chun freastal ar aon duine gortaithe.

**VI** Tugtar **dochtúireacht** ar a chuid oibre. Bíonn an Dochtúir Ó Murchú sásta freastal ar ghlao aon uair de ló is d'oíche.

### Ceisteanna

1. Cá bhfuil an Dochtúir Ó Murchú ina chónaí?
2. Cén fáth, dar leat, go bhfuil muinín ag muintir an bhaile as?
3. Conas d'ullmhaigh Seán é féin dá cheird?
4. Cad a tharla nuair a bhí a chuid staidéir thart?
5. Cén fáth gur chuaigh sé go Sasana?
6. Cad a dhéanann an dochtúir nuair a thagann sé go teach duine bhreoite?
7. Má bhíonn galar tógálach ar dhuine cad a dhéanann an dochtúir?
8. Cén fáth, dar leat, ná fágfadh sé an t-othar sin sa bhaile?
9. Cad a dhéanfá le hoideas dochtúra?
10. Cá mbíonn máinlia ag obair? Cén sórt oibre a dhéanann sé?

11 Cuirtear fios ar an dochtúir nuair a tharlaíonn timpiste—cé hiad na daoine eile go gcuirtear fios orthu?
12 Cá bhfios duit ná bíonn a chuid oibre críocnaithe ag an dochtúir ag am áirithe gach tráthnóna?

### Gramadach

1 (i) Cuir alt 3 (*a*) san Aimsir Fháistineach agus (*b*) san Aimsir Chaite.
(ii) Cuir claoinsint ar alt 4. Tosaigh mar seo: Deireann sé go mbíonn tuairim aige. . . .

2 (i) Scríobh an tAinmneach Iolra de na focail seo:
An chabhair, an chathair, an chathaoir, an litir, an traein, an uimhir, an t-athair, an mháthair, an deartháir, an bráthair.
(ii) Cuir an réamhfhocal "ag" roimh gach ainm atá luaite thuas.
(iii) Cuir an réamhfhocal comhshuite "i láthair" roimh gach ainm freisin.

3 Abairtí a chumadh in a mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:
Dá bhrí sin, chuige sin, dá bharr sin, mar bharr ar, dá dheasca sin.

### Aiste

Lá i saol an Dochtúra.

## 13 AN GABHA AG OBAIR

**I** Tá **ceárta** gairid don áit ina bhfuil an fheirm ag Seán Ó Sé. Is annamh a bhíonn an gabha ag obair inti anois ach ní mar sin a bhíodh an scéal sa sean-aimsir nuair a bhíodh cúpla capall is asal ag gach feirmeoir sa chomharsanacht. Seanfhear críonna is ea an gabha anois ach deisíonn sé geataí is céachtaí fós.

**II** Tadhg Ó Mathúna is ainm dó ach ní thugtaí riamh air ach Tadhg Gabha. Is minic a chuala mé m'athair ag cur síos ar laethanta a óige nuair a

bhíodh Tadhg ag obair ó Luan go Satharn. Bhíodh scata de na chomharsana sa cheárta gach tráthnóna ag scéalaíocht is ag féachaint ar Thadhg ag obair.

**III** B'iontach an **ceardaí** é chun crúite a chur faoi chapall. Séidtí na boilg dó agus chaitheadh sé píosa iarainn isteach sa tine. Ansin nuair a bhíodh an t-iarann dearg te, thógadh sé amach é leis an **teanchair,** agus chuireadh sé ar an **inneoin** é. Ansin bhuaileadh sé deas agus clé é, agus lúbadh sé **ar ghob na hinneonach** é. Chuireadh sé poill sa chrú ansin, agus chaitheadh sé isteach i dtubán uisce é chun é d'fhuarú.

**IV** Bheireadh sé ar chrúb an chapaill ansin agus chuimlíodh sé leis an **líomhán** í. Ghreamaíodh sé an crú ansin le **tairní.**

**V** B'aoibhinn leis na páistí teacht go doras na ceárta gach tráthnóna chun na **spréacha** d'fheiceáil ón iarann te fhad is a bhíodh Tadhg á bhualadh.

**VI** Tugtaí **gaibhneacht** ar a chuid oibre agus ba chliste an cheird í gan aon agó.

### Ceisteanna

1. Cá bhfios duit go bhfuil an cheárta suite amuigh faoin tuath?
2. Cén fáth ná bíonn an gabha go gnóthach anois?
3. Dá dtéitheá isteach sa cheárta anois cad d'fheicfeá?
4. Conas a bhíodh an scéal sa tsean-aimsir?
5. Conas a dhéanadh Tadhg crú?
6. Cén fáth go gcuimlíodh sé an crú leis an líomhán?
7. Cén fáth go dtagadh na páistí go doras na ceárta?
8. Ainmnigh na hainmhithe go gcuireann an gabha **crúite** fúthu.
9. Cad a chaitheann daoine ar a gcosa?
10. Cad é an tslí bheatha atá ag (i) an gabha, (ii) an bádóir, (iii) an feirmeoir, (iv) an sagart, (v) an saighdiúir?

## Gramadach

1 (i) Cuir alt 3 san Aimsir Láithreach.
(ii) Cad is tuiseal do gach "ainmfhocal" in alt 2.
(iii) Cuir claoninsint ar alt 3. Tosaigh mar seo: Dúirt athair Sheáin. . . .

2 (i) Scríobh an tAinmneach Iolra de na focail seo a leanas: An abhainn, an teorainn, an chomharsa, an mhonarcha, an phearsa, an lacha.
(ii) Cuir an réamhfhocal comhshuite "in aice" roimh gach ainm atá luaite thuas.
(iii) Cuir an réamhfhocal "ag" roimh gach ainm freisin.

3 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:
An-tugtha, an-daor, ardscoláire, fíorbheagán, sároilte, so-dhéanta, do-dhéanta.

## Aiste

Cuairt ar an gceárta.

# 14 BÍONN FEAR AN PHOIST GO GNÓTHACH

**I** Tá aithne ag gach duine idir óg is aosta ar fhear an phoist. Feicimid é ag dul timpeall go moch ar maidin ó theach go teach **ag seachadadh** na litreacha. Bíonn saol breá sláintiúil aige i rith an tsamhraidh nuair a bhíonn an aimsir go hálainn agus é amuigh faoin aer glan agus an ghrian ag taitneamh go gléineach anuas air. Ach le linn an gheimhridh bíonn trua againn dó, is é amuigh faoi shneachta, shioc agus fhearthainn, roimh bánú lae, agus sinne fós go compordach seascair inár luí.

**II** Éiríonn fear an phoist go luath ar maidin, agus cuireann sé air éide a oifige, agus ar aghaidh

leis go dtí Oifig an Phoist chun na litreacha dá cheantar a shórtáil. Ní fada ansin go mbuaileann sé bóthar chun a cheantair féin—mála mór lán go béal de bhearta aige agus beart mór litreacha ina láimh. Caitheann sé na litreacha isteach i mboscaí na litreacha sna tithe ar fud an cheantair. Má bhíonn litir chláraithe aige ní mór dó admháil d'fháil ón duine gur leis í.

**III** Nuair a bhíonn na litreacha is na bearta go léir seacadtha aige téann sé ar ais go dtí Oifig an Phoist agus bíonn air turas a thabhairt timpeall arís um mheán lae. Bíonn sé tuirseach traochta nuair a bhíonn an dara turas déanta aige agus ansin ligeann sé a scíth. Téann sé a chodladh go luath mar bíonn sé ina shuí roimh éirí gréine gach maidin. Cuirimid fáilte speisialta roimhe um Nollag mar tugann sé cártaí Nollag is féiríní chugainn ón ár gcairde i mbaile is i gcéin.

### Ceisteanna

1 Conas d'aithneófá fear an phoist?
2 Cén fáth go dtéann sé ó theach go teach gach maidin?
3 "Bíonn saol sláintiúil aige sa samhradh"—mínigh an fáth atá le sin?
4 Cá mbímid nuair a bhíonn fear an phoist ag obair go luath sa gheimhreadh?
5 Cad a dhéanann sé ag Oifig an Phoist ar maidin?
6 An mó turas a thugann sé ar a cheantar sa chathair gach lá?
7 Cén fáth go gcnagann sé ar dhoras nuair a bhíonn litir chláraithe aige do mhuintir an tí sin?
8 Cad a thugann sé chugainn um Nollaig?
9 Cathain a thugann sé scéal brónach chugainn?
10 Bíonn lampa aibhléise aige sa gheimhreadh—cén fáth go mbíonn a leithéid ag teastáil uaidh?

**Gramadach**

1 (i) Cuir alt 2 san Modh Coinníollach. Tosaigh mar seo: Dá mbeadh fear an phoist ar diúité . . .
(ii) Scríobh alt 2 ag tosú mar seo a leanas: D'éirigh fear an phoist go luath . . .

2 (i) Scríobh an tAinmneach Iolra de na focail seo a leanas: An chaora, an cara, an ionga, an namhaid, an Nollaig.
(ii) Cuir an réamhfhocal comhshuite "i gcomhair" roimh gach ainm atá luaite thuas.

3 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:
Is féidir leis, gan aithne gan urlabhra, ar fhleasc a dhroma, ag cur fúthu, i bhfeighil, rí-rá.

**Aiste**

Chaith mé lá le fear an phoist.

## 15 AN BÚISTÉIR AG OBAIR

Téann Maimí go drí **siopa búistéara** nuair is mian léi feoil a cheannach don dinnéar. Maraíonn an búistéir ainmhithe is díolann sé an fheoil. Tugtar **búistéireacht** ar a chuid oibre. Bíonn cóta bán air, agus aprún chun a chuid éadaigh a choimeád glan.

Is mó sort feola a díoltar i siopa búistéara. Tugtar **caoireoil** ar fheoil na caorach, agus **mairteoil** ar fheoil na bó, agus **muiceoil** ar fheoil na muice.

Bíonn an siopa chomh glan le biorán nua aige. Briseann sé na cnámha le tua búistéara agus gearrann sé le sábh búistéara iad. Gearrann sé an fheoil le **altán scine**, caithfidh **faobhar** maith a bheith ar an scian i gcónaí, agus is leis an **gléas faobhraithe** a chuireann sé faobhar uirthi. Meánn

sé an fheoil ar an scála. Bíonn an fheoil ar crochadh ar chrúcaí aige.

Díolann an búistéir grísciní agus ae freisin agus bíonn glaoch ar stéig agus mairteoil shaillte. Ceannaíonn Maimí ceathrú chaoireola i gcomhair an Domhnaigh uaidh. Déanann sí anraith breá as na cnámha a thugann an búistéir di. Tugann sé píosa geire di chun an fheoil a róstadh.

Anois is arís bíonn laofheoil agus uaineoil ar díol aige. Is maith linn go mór uaineoil agus anlann miontais.

## Ceisteanna

1 Cathain a théann do mháthair go siopa búistéara?
2 Cad a dhéanann an búistéir?
3 Conas a bhíonn sé gléasta nuair a bhíonn sé sa siopa?
4 Cad a chaitheann sé, an dóigh leat, nuair a bhíonn sé ag marbhú ainmhithe?
5 Ainmnigh na saghasanna feola a dhíolann an búistéir.
6 Cén fáth, an dóigh leat, go mbíonn an siopa chomh glan le biorán nua aige?
7 Cad chuige an sábh?
8 Ainmnigh ceardaí eile a usáideann (i) sábh, (ii) altán scine. Cad chuige?
9 Mínigh conas a chuireann an búistéir faobhar ar an scian?
10 Cén fáth go gcrochann sé an fheoil ar chrúcaí?
11 Conas a ullmhaíonn do mháthair (i) grísciní, (ii) stéig, (iii) mairteoil shaillte, don dinnéar?
12 Cén fáth go gceannaíonn do mháthair cnámha ón mbúistéir?
13 Cad a dhéanann sí leis an píosa geire?
14 Conas a dhéanann do mháthair anlann miontais?

## Gramadach

**1** Léigh an píosa seo a leanas go cúramach agus ansin freagair an cheist thíos:

"Éireoidh mé go luath amárach," arsa Seán. "Cuirfidh mé mo chuid éadaigh orm agus íosfaidh mé mo bhric-

feasta go tapaidh. Ansin rachaidh mé go dtí an t-aonach agus tógfaidh mé an bhó liom. Díolfaidh mé an bhó agus tiocfaidh mé abhaile gan aon ró-mhoill mar caithfidh mé dul ag baint na móna le mo chomharsa Tomás.

Fanfaidh mé leis go titim na hoíche ag obair ar mo dhícheall. Gheobhaidh mé béile maith uaidh nuair a shroichfidh mé an teach."

(i) Cuir claoninsint ar an giota thuas. Tosaigh mar seo: Dúirt Seán go n-éireodh sé . . .
(ii) Scríobh an píosa thuas san Aimsir Chaite agus san Aimsir Láithreach.

2 Abair cathain a déarfá "na cainteanna" seo a leanas:
(i) Go mairir is go gcaithir é. (ii) Gura slán an scéalaí. (iii) Bliain nua faoi mhaise duit. (iv) Bail ó Dhia anseo isteach. (v) Is trua liom do chás, a chara.

Aiste

D'ullmhaigh mé an dinnéar.

## 16 AN RÉITEOIR

Bhí cluiche peile ar siúl sa pháirc agus chuaigh mé féin agus Daid go dtí an cluiche. Bhí slua mór ann. Ní rabhamar i bhfad ag feitheamh go dtáinig an réiteoir agus ceathrar moltóir amach ar an bpáirc. Fear óg lúfar ba ea an réiteoir agus bhí **geansaí** agus bróga peileadóra á gcaitheamh aige. Sheas sé i lár na páirce agus shéid sé an **fheadóg.** Níorbh fhada go dtáinig na foirne amach. Ghlaoigh sé ar na captaein agus ansin chaith sé pingin san aer chun na taobhanna a shocrú. Ansin chruinnigh sé na foirne i lár na páirce agus thug sé dea-chomhairle dóibh. D'imigh na **tacaithe** siar agus shéid sé an fheadóg arís is chaith sé isteach an liathróid.

Bhí an réiteoir an-ghnóthach i rith an chluiche, lean sé an liathróid ar fud na páirce agus aon uair a deineadh **feall** shéideadh sé an fheadóg is thugadh sé cic saor don fhoireann eile. Shéideadh sé an fheadóg fresin nuair a chuirtí báire nó **cúilín is** nuair a d'imíodh an liathróid **ar fóraíl** nó thar an taobhlíne. Bhreac sé síos gach scór agus choimeád sé súil ghéar ar an am. Nuair a tháinig leath-am shéid sé an fheadóg. Chuir sé an cluiche ar siúl arís don dara leath. I ndeireadh an chluiche shéid sé fead fhada ghéar. Ní mór don réiteoir eolas cruinn beacht a bheith aige ar rialacha an chluiche agus **cothrom na féinne** a thabhairt don dá fhoireann. Ní bhíonn an lucht féachana sásta leis an réiteoir bocht i gcónaí, ach ní bhíonn saoi gan locht, mar a deireann an seanfhocal, agus is deacair gach duine a shásamh.

### Ceisteanna

1 Cé chuaigh go dtí an cluiche peile?
2 Cé tháinig amach ar an bpáirc ar dtús?
3 Déan cur síos ar an réiteoir.
4 Cén fáth gur shéid sé an fheadóg nuair a tháinig sé amach ar an bpáirc?
5 Cad é an chéad rud eile a dhein sé?
6 Dá mbeitheá i do réiteoir cad é an dea-chomhairle a thabharfá do na foirne?
7 Cad a tharlaíodh aon uair a dhéantaí feall?
8 Cén fáth gur choimeád sé súil ghéar ar an am?
9 Cad é an t-eolas a bhíonn riachtanach don réiteoir?
10 Conas a chuireann an lucht féachana in iúl ná bíonn siad sásta le breith an réiteora i gcónaí?
11 "Bíonn peann agus giota páipéir ag an réiteoir"—cad iad na rudaí a scríobhann sé le linn an chluiche?
12 Cad tugtar ar obair an réiteora?

## Gramadach

1 "Ná habair focal le haon duine i dtaobh na timpiste," arsa Tomás lena mhac. "Ná bí déanach i gcomhair an Aifrinn agus ná tabhair aird ar aon bhuachaill a bheidh ag caint sa séipéal. Ná caith an lá go léir ag teacht abhaile agus ná lig ort gur chuala tú droch scéal ar maidin. Ná ceannaigh aon nuachtán mar tá ceann agam cheana. Ná caill an réal a thug mé duit."

Cuir claoninsint ar an giota thuas. Tosaigh mar seo: Dúirt a athair le Tomás . . .

2 (i) Scríobh an tAinmneach Iolra de na focail seo a leanas:
An deoch, an leaba, an mhí, an lá, an teach, an deirfiúr, an olann, an bhean, an talamh.
(ii) Cuir an réamhfhocal comhshuite "le hais" roimh gach ainmfhocal.

3 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:
Le fánaidh, maoin an tsaoil, bhí fonn air, bhí cathú uirthi, bhí brón orm, áthas an domhain.

## Aiste

Chonaic mé an cluiche.

# 17 AN SIÚINÉIR AG OBAIR

Siúinéir gnóthach is ea Tadhg Ó Riain. Tugtar **siúinéireacht** ar a chuid oibre. Déanann sé **troscán tí** agus gach obair adhmaid a bhaineann le teach. Uaireanta déanann sé **carranna agus trucailí.**

Bíonn a lán uirlisí ag an siúinéir. Buaileann sé **tairní** leis an **gcasúr.** Bíonn **ceann iarainn** agus **cos adhmaid** sa chasúr. Nuair is mian leis tairní a **tharraingt** as an adhmad úsáideann sé **pionsúr** nó ladhar an chasúir.

Gearrann sé an t-adhmad le sábh. Úsáideann sé **siséal** chun píosaí beaga a ghearradh den adhmad, nó scoilt a chur ann. Bíonn plána aige chun clár a dhéanamh cothrom mín réidh. Nuair is mian leis poill a dhéanamh san adhmad úsáideann sé **tarathar.**

Tomhasann sé an t-adhmad leis an **riail** agus bíonn peann aige chun línte a tharraingt san adhmad. Cuireann sé an píosa adhmaid sa **bhís** chun é a choimeád socair nuair a bhíonn sé á ghearradh.

Déanann Tadhg a chuid oibre go slachtmhar néata agus bíonn rian a cheirde le feiceáil i ngach a dhéanann sé.

### Ceisteanna

1 Ainmnigh cuid de na rudaí a dhéanann an siúinéir.
2 Déan cur síos beacht ar chasúr an tsiúinéara.
3 Cad a dhéanfá le siséal?
4 Úsáideann an siúinéir tarathar chun poill a dhéanamh san adhmad—cad a bhíonn ag an gréasaí chun poill a dhéanamh sa leathar?
5 Cad chuige an bhís?
6 Cá bhfios duit go bhfuil eolas maith ag Tadhg ar a chuid oibre?
7 Cad a thugtar ar cheird an tsiúinéara?
8 Cad a dhéanann an siúinéir leis an plána?
9 Ceannaitear an t-adhmad thar lear—cén fáth ná faightear go leor de in Éirinn?
10 Ní bhíonn carranna ná trucailí le feiceáil go forleathan faoi láthair—cén fáth?

### Gramadach

**1** (i) Úsáidtear gual nó móin mar ábhair tine. (ii) Feictear tine gháis go minic. (iii) Allmhairítear an chuid is mó den ghual ó Shasana. (iv) Faightear an gual sna mianaigh. (v) Tugtar anall chugainn é. (vi) Dóitear móin go forleathan anois. (vii) Íoctar a lán airgid ar ghual anois.
Scríobh na habairtí thuas (*a*) san Aimsir Fháistineach, agus (*b*) san Aimsir Chaite.

2 Déan cibé athrú is gá ar na focail atá idir lúibíní anseo: (i) Bhí mac (an fear mór) ina sheasamh i lár (an bóthar garbh) agus bhí bata ina (lámh) aige. (ii) Tá teach (an sagart óg) ar thaobh (an tsráid) in aice (an séipéal beag). (iii) Tá mála (an siopadóir) caite i gcúinne (an pháirc mhór) atá ar chúl (an siopa beag). (iv) Chonaic athair (an buachaill) rothar (an bhean bheag) i mBeairic (na Gardaí) sa (cathair mhór).

3 Scríobh abairtí ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas: Ina thost, i mbéal an phobail, in aghaidh an lae, i gcéin is i gcóngar, i mbun, ar mhaithe, ar ór an tsaoil.

Aiste

Chonaic mé an siúinéir ag obair.

## 18 AN SAGART IS A CHUID OIBRE

Tá **Cléirtheach** deas suite in aice an tSéipéil sa pharóiste ina gcónaíonn muintir Bhriain. Tá an **sagart paróiste** agus beirt **shagart óg** ina gcónaí sa Chléirtheach. **Canónach** is ea an sagart paróiste agus tá sé i bhfeighil an pharóiste. Cabhraíonn an bheirt shagart óg leis agus bíonn duine acu ar diúité gach re seachtain chun freastal ar an bpobal.

Bíonn **Aifreann** sa Séipéal gach maidin. Léann an sagart an tAifreann. Bíonn sé ar an **altóir** le linn an Aifreann. Glacann an pobal an **Chomaoineach Naofa** uaidh. Tugann sé **seanmóir** don phobal nuair a bhíonn an **soiscéal** léite aige ar an Domhnach. Bíonn sé ina sheasamh ar an **bpuilpid** nuair a bhíonn seanmóir á thabhairt aige. Éisteann an pobal go cruinn beacht lena chomhairle.

Bíonn an triúr sagart an-ghnóthach istoíche Dé Sathairn ag éisteacht faoistiní na bhfíréin. Nuair a bhíonn an tAifreann déanach léite aige ar an Domhnach baisteann an sagart leanaí.

Cuirtear fios air nuair a bhíonn duine an-bhreoite agus cuireann sé an **ola dhéanach** air. Cuirtear fios air freisin nuair a tharlaíonn tionóisc chun an ola dhéanach a chur orthu siúd a bhíonn gortaithe go holc.

Cuireann sé daoine **faoi chuing an phósta** freisin agus léann sé **Aifreann an Phósta** dóibh. Nuair a fhaigheann duine bás léann sé **Aifreann na Marbh** ar a shon, agus ansin bíonn sé i láthair ag an **sochraid** is beannaíonn sé an **uaigh**. Bíonn an sagart ag freastal ar an bpobal gan stad gan staonadh ó cheann ceann na bliana.

## Ceisteanna

1 Cé chónaíonn sa Chléirtheach in aice an tséipéil?
2 An mó sagart atá sa teach ar fad?
3 Cá mbíonn an sagart nuair a bhíonn an tAifreann á léamh aige?
4 Cathain a thugann an sagart seanmóir?
5 Cá bhfios duit go mbíonn fonn ar an bpobal an seanmóir a chloisteáil?
6 Cad a dhéanann na sagairt istoíche Dé Sathairn?
7 Cathain a bhaisteann an sagart leanaí óga?
8 Inis cathain a chuirtear fios ar an sagart?
9 Cathain a léann an sagart (i) Aifreann an Phósta, (ii) Aifreann na Marbh?
10 Cathain a chuireann an sagart an ola dhéanach ar dhaoine?

## Gramadach

**1** (i) Scríobh an Briathar Saor de gach briathar sa ghiota seo a leanas gan an Aimsir d'Athrú:

Rachaidh na fir abhaile go luath. Ceannóidh siad earraí sa siopa agus díolfaidh siad astu. Tabharfaidh siad na hearraí abhaile dá leanaí. Cuirfidh na mná fáilte rompu.

(ii) Scríobh an giota thuas san Aimsir Chaite agus sa Mhodh Coinníollach.

2 Déan cibé athrú is gá ar na focail atá idir lúibíní anseo: (i) Bhí an feirmeoir ag treabhadh (an pháirc mhór). (ii) Bhí an feirmeoir ag treabhadh (páirc mhór). (iii) Bhí an cailín ag cóiriú (an leaba). (iv) Bhí na buachaillí dána ag briseadh (na fuinneoga) le (clocha móra). (v) Bhí an gadaí ag goid (na hearraí) ón siopa i gcúinne (an tsráid bheag).

3 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:

B'éigean dó, scinn sé, ag míogarnach, lúth na gcos, á ngrianú féin, gan stad gan staonadh, gan cor as.

**Aiste**

Lá i saol an tsagairt.

# 19 AN GARDA SÍOCHÁNA

Fear an-tábhachtach is ea an Garda Síochána. Caitheann sé tréimhse i **bpríomháras** na nGardaí ag foghlaim a cheirde. Nuair a bhíonn sé oilte cuirtear go **Beairic** é in áit éigin faoin tuath nó i gcathair.

Féachann an Garda chuige go gcoimeádann daoine dlíthe na tíre. Cuireann sé an dlí ar aon duine a bhriseann an dlí.

Nuair a bhíonn muintir na cathrach ina sámhchodladh istoíche bíonn an Garda ag siúl timpeall na sráideanna **ar diúité.** Coimeádann sé súil ghéar ar bhainc is tithe gnótha agus bíonn sé ag faire le haghaidh **ciontóirí** de gach cineál.

Má bhíonn achrann ar siúl in aon áit cuirtear fios láithreach ar an Gharda agus cuireann sé smacht ar na daoine ainriartha. Féachann sé chuige freisin ná sáraíonn **tábhairneoirí** na dlíthe a bhaineann leis an gceadúnas dí. Cuirtear fios ar an Gharda freisin nuair a tharlaíonn timpiste d'aon saghas agus cuireann sé an dlí ar an té a bhíonn ciontach.

Bíonn an Garda ag faire i gcónaí chun an dlí a chur orthu siúd a bhriseann rialacha an bhóthair agus go mór mór ar an **tiománaí meisciúil.** Stiúiraíonn an Garda an trácht in áiteanna ná bíonn soilse tráchta sa chathair. Bíonn sé ar diúité freisin ag chluichí agus cruinnithe de gach cinéal chun na sluaite a riaradh go tuisceanach síochánta.

Nuair a tharlaíonn dúnmharú nó goid nó slad in aon cheantar bíonn an Garda an-ghnóthach go dtí go mbíonn an **coirptheach** gafa agus go daingean faoi ghlas.

Nuair a chuireann an Garda an dlí ar dhuine ní mór dó bheith i lathair sa Chúirt Dlí chun fianaise a thabhairt sa chúis.

Bíonn gnóthaí speisialta le déanamh ag an nGarda amuigh faoin tuath. Ní mór dó féachaint chuige go ndíoltar ceadúnais ar mhadraí agus ar ghunnaí agus ar go leor rudaí eile.

Má choimeádann duine an dlí go réasúnta ní baol go gcuirfeadh an Garda isteach ná amach air. Ba chóir go gcabhródh gach saoránach leis an Garda mar bíonn sé ag obair de shíor ar leas an phobail.

**Ceisteanna**

1 Cad a bhíonn á dhéanamh ag an nGarda, i bpríomhháras na ngardaí?
2 Cá dtéann sé ansin?
3 Cén fáth go gcoimeádann an Garda súil ghéar ar na foirgnimh sa chathair?
4 Cad a dhéanann sé nuair a bhíonn achrann ar siúl?
5 Coimeádann sé súil freisin ar thithe tábhairne—cén fáth go ndéanann sé é sin?
6 Cuirtear fios ar an Gharda nuair a tharlaíonn timpiste—ainmnigh duine eile go gcuirtear fios air, agus abair cad a dhéanann an bheirt acu?
7 Is féidir rialacha an bhóthair a bhriseadh ina lán slite—tabhair cuntas beag ar dhá shlí.

8 Cén fáth go mbíonn an Garda ar diúite ag cruinnithe agus cluichí?

9 Ainmnigh roinnt daoine a bhíonn ag obair i gCúirt Dlí.

10 Ainmnigh cuid de na gnóthaí speisialta a bhíonn le déanamh ag an nGarda faoin tuath.

11 Cén fáth gur chóir do gach aon duine cabhrú leis an nGarda?

12 Cad tugtar ar an nGharda a bhíonn i bhfeighil Beairice?

**Gramadach**

1 (i) Chuaigh Seán go dtí an stáisiún lá amháin. (ii) Chonaic sé slua ann. (iii) Tháinig an traein isteach. (iv) Thosaigh gach aon duine ag rith anseo is ansiúd. (v) D'fhéach sé isteach i gcarráiste. (vi) Cheap sá go bhfaca sé cara leis ach bhí breall air. (vii) D'fhan sé ann go dtí go raibh an traein imithe. (vii) Ansin shiúil sé go tapaidh as an stáisiún. (ix) D'imigh sé isteach sa chathair nuair a tháinig an bus.
(*a*) Cuir claoninsint ar an giota thuas.
(*b*) Scríobh an giota san Aimsir Fháistineach agus sa Mhodh Coinníollach.

2 Déan cibé athrú is gá ar na focail atá idir lúibíní anseo: (i) Scáth (fearthainn). (ii) Mála (min). (iii) Dhá (cos mhór). (iv) Dhá (fuinneog bheag). (v) Cóta (Seán). (vi) Hata (Máire). (vii) Cóta (mac Sheáin). (viii) Faoi bhun (doras a thí). (ix) Ag déanamh (an obair mhaith). (x) Ag déanamh (obair mhaith). (xi) Tar éis (pósadh). (xii) Ar tí (a phósadh).

3 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:
Ag dul i bhfeabhas, ag dul i n-olcas, ag dul thar bráid, ag déanamh ar, go ceann dhá bhliain, i gcionn dhá bhliain.

**Aiste**

Is Garda Síochána mé.

# 20 AN TÁILLIÚIR AGUS AN BANTÁILLIÚIR

Nuair a bhíonn **culaith éadaigh** nua ag teastáil ó dhuine is féidir leis dul isteach go **siopa éadaigh**

agus **culaith réamhdhéanta** a cheannach nó dul go dtí an táilliúir. Déanann an táilliúir **baill éadaigh** nua, agus deisíonn sé baill éadaigh a bhíonn stróicthe. I dtosach **tomhaiseann** sé an duine go beacht le miosúr agus scríobhann sé na **toisí** ina leabhar. Ansin gearrann sé an t-éadach le **siosúr faobhrach,** agus fuann sé na píosaí dá chéile i gceart. Nuair a bhíonn na píosaí **uamtha** aige le **greama fada,** cuireann sé fios ar an duine arís, féachaint an bhfuil an chasóg **ag oiriúint** dó. Ní mór don chasóg **suí** go maith air. Ansin fuann sé an chulaith le **hinneall fuála.** Bíonn ceann aibhléise aige go minic anois. Nuair a bhíonn an greim deireanach curtha aige, ní mór do snas a chur ar an gculaith agus gach **roc** a bhaint aisti. Chuige sin cuireann sé an chulaith isteach san **inneall fillte,** nó, déanann sé an chulaith d'iarnáil **ar an gclár iarnála** le **hiarann táilliúra.** Fuann sé na cnaipí le **snáthaid** agus **snáth**. Chun a mhéar a chosaint ar an tsnáthaid, caitheann an **táilliúir méaracán** ar a mhéar. Nuair a bhíonn an chulaith déanta go maith, bíonn a thomhas go beacht sa chóta ag an té gur leis í. Go mairir is go gcaithir í a deirtear le duine nuair a feictear culaith nua air. Tugtar táilliúireacht ar obair an **táilliúra.**

Déanann an **bantáilliúir** baill eadaigh do mhná agus do chailíní, agus deisíonn sí iad freisin. Bíonn dhá chuid i gculaith mná—an **cóta** agus an **sciorta.** Bíonn na huirlisí céanna aici is a bhíonn ag an táilliúir. Taithníonn **cultacha** táilliúra le daoine mar bíonn siad dea-dhéanta agus luíonn siad go maith orthu.

**Ceisteanna**

1 Cad iad an dá rogha a bhíonn ag duine nuair a bhíonn culaith éadaigh nua uaidh?

2 Cad a dhéanann an táilliúir?
3 Cén fáth dar leat go dtomhaiseann an tailliúir an duine?
4 Cad a dhéanann an táilliúir leis an siosúr?
5 Cén fáth go gcuireann sé fios ar an duine nuair a bhíonn na píosaí uamtha aige?
6 Cad a bhíonn le déanamh aige nuair a bhíonn an greim deireanach curtha aige?
7 Cad a chuirfeadh roc ar do chasóg?
8 Conas a fhuann an táilliúir na cnaipí?
9 Cén fáth go gcaitheann sé méaracán?
10 Cad deirtear nuair a feictear culaith nua ar dhuine?
11 Cén fáth go dtaitníonn cultacha táilliúra le daoine?
12 Cad a dhéanann an bantáilliúir?
13 Ainmnigh na huirlisí a bhíonn aici.

## Gramadach

**1** Scríobh na habairtí thíos san Aimsir Ghnáthchaite:
(i) Bhuail sé an t-asal. (ii) Chuir siad a mbróga faoi cheilt. (iii) Thóg sí cupán ina láimh. (iv) D'fhanamar istigh. (v) D'fhág sé an chathair inné. (vi) Mhol siad an réiteoir. (vii) Scaip siad na páipéir. (viii) Ólaim bainne. (ix) Sábhálaim an féar. (x) Gluaisim go tapaidh.

**2** Déan cibé athrú is gá ar na focail atá idir lúibíní anseo:
(i) D'fhág an gadaí geata (an pháirc mhór) dúnta. (ii) Rug sé ar hata (an fear beag) agus ar chasóg (an bhean mhór). (iii) Tá nead (an t-éan) i gcúinne (an pháirc). (iv) Níl solas (an ghealach) chomh te le solas (an ghrian). (v) Bhí bata ina (lámh) aige. (vi) Bhí an cailín ag crú (na ba).

**3** Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:
Ag druidim linn, in éineacht léi, rinneadh amhlaidh, maith go leor, ag bogadh linn, buailte linn, sceitimíní, in aice linn, i ndeireadh na dála.

## Aiste

Dhein an tailliúir culaith dom;
nó
Mo ghúna nua.

## 21 AN FIACLÓIR AGUS AN BEARBÓIR

Nuair a bhíonn **tinneas fiacaile** ar dhuine téann sé go dtí an fiaclóir. **Stoitheann** an fiaclóir fiacla lofa agus líonann sé **fiacla** gur fiú iad a shábháil. Déanann sé **cíor bhréige** freisin. Bíonn **freastalaí** ag cabhrú leis an bhfiaclóir—treoraíonn sí an t-othar go dtí an seomra feithimh agus ansin nuair a bhíonn an fiaclóir ullamh dó, glaonn sí air agus téann sé isteach go dtí seomra an fhiaclóra. Suíonn sé ar **chathaoir an fhiaclóra** ansin, agus scrúdaíonn an fiaclóir na fiacla lofa. Má bheartaíonn an fiaclóir gur gá na fiacla lofa a stoitheadh, tugann sé **instealladh** sa **drandal** don othar. I gceann tamaill bhig stoitheann sé an fhiacail lofa le **greamaire** beag geal. Is fiú do dhuine aire mhaith a thabhairt dá fhiacla agus iad a ní ar maidin agus istoíche. Ní bhíonn an tsláinte go maith ag aon duine go mbíonn fiacail lofa ina bhéal aige.

**Lomann** an **bearbóir** gruaig na bhfear nuair a bhíonn sí ró-fhada. Bearrann sé an fhéasóg d'aghaidh na bhfear freisin. Tugtar bearbóireacht ar a chuid oibre.

Lomann sé an ghruaig le siosúr agus inneall gruaige agus ansin cuireann sé ola ghruaige uirthi, agus cíorann sé go maiseach í. Bearrann sé an fhéasóg le **rásúr.** Cuireann sé **sobal gallúnaí** ar an aghaidh ar dtús, chun an fhéasóg a bhogadh. Déanann an bearbóir an ghruaig a **fholcadh** le **foltfholcadh** freisin.

Déanann an banghruagaire gruaig na mban a **mhaisiú** agus **d'fheistiú.** Úsáideann sí **fáiscíní gruaige** agus **trilseacháin** chun gruaig na mban a mhaisiú. Is le **triomadóir** gruaige a thriomaíonn sí an ghruaig.

## Ceisteanna

1 Cad a dhéanann an fiaclóir?
2 Cén fáth go mbeadh eagla ort dul go dtí an fiaclóir?
3 Cad a dhéanann an freastalaí?
4 Cad d'fheicfeá sa seomra feithimh de ghnáth?
5 Cathain a stoithfeadh an fiaclóir fiacail?
6 Cén fáth go dtugann sé instealladh don othar?
7 Conas a thabharfadh duine aire dá fhiacla?
8 Cad a dhéanann an bearbóir?
9 Cad iad na huirlisí a bhíonn aige chun gruaig a lomadh?
10 Cén fáth go gcuireann sé sobal gallúnaí ar aghaidh an duine?
11 Cad a dhéanann an banghruagaire?
12 Conas a dhéanann sí gruaig na mban a mhaisiú?
13 Cad chuige an triomadóir gruaige?

## Gramadach

**1** Scríobh na habairtí thíos san Aimsir Ghnáthchaite:
(i) Dhúisigh Tomás ar bhreacadh an lae. (ii) Ansin d'éirigh sé. (iii) Bhrostaigh sé go dtí an tAifreann. (iv) Mhothaigh an tseanbhean an fuacht go géar. (v) Shleamhnaigh sí ar an mbóthar agus thosaigh sí ag béiceadh. (vi) Osclaím doras an tsiopa gach maidin. (vii) Ceanglaíonn siad na beartáin. (viii) Imrimid cluichí gach tráthnóna. (ix) D'éalaigh an príosúnach. (x) Cheannaigh siad bó ar an aonach.

**2** Scríobh na habairtí thíos san Uimhir Iolra:
(i) Chuala sé guth an éin ar an gcrann. (ii) Chonaic mé loch álainn ar thaobh an chnoic. (iii) Fuair sé admháil ón gcúntóir. (iv) Bhí rang mór sa scoil. (v) Chaith an fear an bhliain is fearr dá shaol sa chathair. (vi) Chonaic mé rás asal ar an trá. (vii) Bhí roth an ghluaisteáin mhóir briste agus bolg an rothair pollta. (viii) Dhein Máire císte breá milis. (ix) Scanraigh an tiarna talún an chlann óg. (x) Bhí an corpán sa chónra. (xi) Chaith sé oíche fhada ag obair go dian. (xii) Tá teanga nua foghlamtha aige.

**3** Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:

Giodam, cheana, céanna, faoi dheoidh, go fóill, rug sé leis, a bhain dom, tuigeadh dom, samhlaíodh dom, do réir a chéile, ag déanamh orm, ar imeall, choíche.

**Aiste**

Cuairt ar an bhfiaclóir.

## 22 AN GRÉASAÍ AG OBAIR

Tá siopa beag deas suite ar imeall na cathrach gairid don áit inar thóg athair Sheáinín an teach nua. Bíonn fear meánaosta ag obair go dian dícheallach ann ó mhaidin go hoíche. Seán Ó Murchú is ainm dó ach tugann muintir na háite Seán Gréasaí mar leasainm air. Déanann sé agus deisíonn sé bróga. Tugtar **gréasaíocht** ar a chuid oibre.

Dá mbeifeá ag dul thar bráid d'fheicfeá Seán taobh istigh den fhuinneog is é ina shuí ar chathaoir shúgáin ag **deisiú** bróg. Bíonn uirlisí a cheirde le feiceáil ar an urlár in aice na cathaoireach.

Úsáideann Seán dhá shaghas leathair—**leathar téagartha** chun an **dá bhonn** is an **dá sháil** a dhéanamh agus **leathar éadrom** i gcomhair uachtar na bróige. Gearrann sé an leathar leis an **altán scine** agus bíonn sé **faobhrach** gan aon agó. Buaileann sé **tairní** leis an **chasúr** agus cuireann sé an bhróg ar an **gceap** chun í a choimeád socair. Bíonn **pionsúr** aige freisin chun tairní a tharraingt leis.

**Líomhann** sé an leathar garbh leis an **líomhán** agus bíonn sé go mín réidh ansin. Fuann sé an leathar le **snáth céarach.**

Úsáideann sé **meana** chun poill a dhéanamh sa leathar.

Tá an-éileamh ar na bróga a dhéanann Seán mar ceardaí maith is ea é agus tá bocht agus saibhir

buíoch de. Tagann páistí na comharsanachta isteach chuige go minic. Is maith leo bheith ag seanchas leis is cuireann siad an-suim ina chuid oibre.

### Ceisteanna

1 Cá bhfuil an siopa suite?
2 Cad a thabharfá ar fhear (i) níos óige, (ii) níos sine ná Seán?
3 Cén fáth an dóigh leat go dtugann muintir na háite Seán Gréasaí ar an bhfear?
4 Cad a dhéanann Seán Gréasaí?
5 Déan cur síos ar na rudaí d'fheicfeá dá mbeitheá ag dul thar an siopa.
6 Cad chuige (i) an leathar téagartha, (ii) an leathar éadrom?
7 Cén fáth go mbíonn faobhar maith ar scian an ghréasaí?
8 Cad chuige (i) an líomhán, (ii) an ceap?
9 Cá bhfios duit gur ceardaí maith é Seán?
10 Bíonn fonn ar na páistí cuairt a thabhairt ar an ghréasaí —mínigh go cruinn cén fáth?
11 Dá mbeadh péire bróg ag teastáil uait cad a dhéanfá?

### Gramadach

**1** Scríobh na habairtí thíos san Aimsir Ghnáthchaite:
(i) Téimid ar scoil go luath. (ii) Chuaigh Seán abhaile. (iii) Fuair siad laethanta saoire um Cháisc. (iv) Thugamar féin an samhradh linn. (v) Rug an madra ar an gcoinín. (vi) Chualamar ceol na n-éan. (vii) Dhein sé an obair go maith. (viii) Deirim mo phaidreaca. (ix) Faigheann siad punt gach lá. (x) Feiceann sibh an sorcas go minic. (xi) Íosfaidh siad na béilí. (xii) Tháinig tú go luath. (xiii) Tá siad traochta.

**2** Scríobh na habairtí seo a leanas san Uimhir Uatha:
(i) Chonaic siad na gaiscígh mhisniúla. (ii) Mholamar na ceannaithe saibhre. (iii) D'aithin siad na mná maisiúla. (iv) Sin iad na cailíní flaithiúla. (v) Is trua linn na baintreacha brónacha. (vi) Rug siad ar na bithiúnaigh ghlice. (vii) Ní hiad na fir mhóra a bhuann na rásaí. (viii) Chuir na laethanta breátha áthas orthu. (ix) D'fhéachamar ar na gaibhne láidre. (x) Luíomar ar na leapacha compordacha.

3 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:

In eagar agus in ord, go slachtmhar néata, go bróidiúil, níor bacadh liom, caoi, leag mé súil, feistithe, bheadh orainn, bhuail sé bóthar, dath an bháis, cuma mílítheach, fonn seachráin.

**Aiste**

Thóg mé mo bhróga go dtí an gréasaí.

## 23 AN SORCAS ANOIS AGUS FADÓ

Bhaineadh aos óg na tuaithe scléip is taitneamh as an sorcas fadó. Is cuimhin liom go maith an ríméad a bhíodh orainn le linn mo óige nuair d'fheicimis na **póistéir ildathacha** ag fógairt dúinn go raibh an sorcas chun cuairt a thabhairt ar an mbaile seo 'gainne. Bhímis **ar cipíní** as sin amach go dtí lá an tsorcais. Bhímis in ár suí roimh éirí gréine an mhaidin sin agus amuigh ar imeall an bhaile i dtreo is go bhfeicfimis an sorcas ag teacht. Agus cad é mar **thaispeántas** é? Ar thosach bhíodh na vaigíní breátha ina gcónaíodh lucht an tsorcais. Ansin thagadh na carranna iompair ina mbíodh an puball agus na suíocháin agus **feithiclí** eile ina mbíodh na hainmhithe allta. Bhídís uile daite go **hornáideach snasta** agus **pictiúir ildathacha** breacaithe ar a gcliatháin. Bhíodh capaill mhóra mhaorga láidre ag tarraingt na gcarranna is na **vaigíní** is iad ag déanamh ar pháirc an tsorcais. Ach is ansin a thosaíodh ár gcroíthe ag preabarnaigh nuair d'fheicimis an tréad a bhíodh ag teacht ina ndiaidh—capaill den uile dhath agus den uile chineál a bhíodh ann—idir dhubh is bhán is dhonn is bhreac. Leanaimis iad go páirc an tsorcais agus d'fhanaimis ag breathnú orthu go mbíodh sé in am scoile dúinn. Is beag fonn ite a bhíodh orainn

an lá sin ach gach garsún ar bís chun páirc an tsorcais a bhaint amach go luath. Ní bhíodh baol ar bith ann go mbímis déanach don taispeántas agus muna mbainimis taitneamh as ní lá fós é.

Ach ní dóigh liom go mbíonn an tarraingt céanna ann faoi láthair. Ní bhíonn an taispeántas chomh mealltach anois mar tá deireadh le ré an chapaill agus ní bhíonn an radharc chomh hornáideach is a bhíodh fadó. Úsáidtear tarracóirí is loraithe anois chun na vaigíní is na feithiclí eile a tharraingt. Rud eile dhe ní stadann an sorcas anois ach sna bailte móra, agus sna cathracha, agus is annamh a bhíonn caoi ag aos óg na tuaithe é d'fheiceáil.

**Ceisteanna**

1. Cén fáth go mbíodh áthas ar an údar nuair d'fheiceadh sé na póistéir?
2. Cad é an t-ábhar cainte is mó a bhíodh acu roimh theacht an tsorcais?
3. Cén fáth go n-éiridís go luath ar maidin lá an tsorcais?
4. Cá dtéidís an mhaidin sin?
5. Cén fáth, an dóigh leat, go dtagadh an sorcas chomh luath ar maidin?
6. Cad é an chéad rud a d'fheicidís ag teacht?
7. Ainmnigh cuid de na hainmhithe allta a bhíonn ag lucht an tsorcais?
8. Cad a bhíodh sna pictiúir a bhíodh breacaithe ar chliatháin na vaigíní?
9. Cad a chuireadh croíthe na bpáistí ag preabarnaigh?
10. Déan cur síos ar na capaill a bhíodh acu?
11. Cén fáth ná fanadh na páistí sa pháirc i rith an lae?
12. Bhíodh na páistí i láthair ag an sorcas go luath—cén fáth go mbíodh deifir orthu?
13. Cén fáth, dar leat, ná stadann an sorcas sna bailte beaga faoi láthair?
14. Cad a bhíonn le feiceáil anois in áit na gcapall?

1 Scríobh ainm briathartha de gach briathar sa liosta thíos: Bhog sé, bhris sé, chan sé, doirtim, líonaim, buailim, coimeádaim, gearánaim, scríobh sé, cniotáilim, loit sé, shiúil sé, caithim, thuill sé, chreid sé, impím, éist, iarr, gluais, sheinn sí.

2 Scríobh na habairtí seo a leanas san Uimhir Iolra: (i) Bhí lá álainn aige. (ii) Feicim an fear bodhar. (iii) Is maith liom an bhean dhílis. (iv) Shiúil sé ar an talamh íseal. (v) Chonaic Seán duine uasal sa bhus. (vi) Thit mé ar an mbóthar sleamhain. (vii) Casadh an buachaill ciúin orm. (viii) Bhí an mháthair bhocht ag gol. (ix) Sin í an bhanaltra chneasta. (x) Tá bean rialta naofa sa chlochar. (xi) Tá ainmhí fiáin sa choill. (xii) Tá cailín dathúil sa siopa.

3 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas: Ó mhaidin go hoíche, ar feadh an lae, scéal a bheatha, ar an gcéad solas, faic na fríde, 'sé mo thuairim, ag cur i gcéill, ina fhocair, critheagla, dhorcaigh an saol, gan amhras ar bith.

**Aiste**

Oíche ag an sorcas.

## 24 CLUICHE LEADÓIGE

Cluiche breá bríomhar sláintiúil is ea an leadóg. Imrítear go forleathan é i rith an tsamhraidh ar **chúirteanna leadóige.** Bíonn **líontán** trasna lár na cúirte agus ní mór don **imreoir** an liathróid a bhualadh thar an líontán. Úsáidtear **raicéad** chun an liathróid a bhualadh.

Bíonn beirt ag imirt más **cluiche singil** é agus ceathrar i gcluiche **dúbalta.** Caitheann na himreoirí brístí **sciota bqna** agus **léinte** bána is **bróigíní éadroma rubair.**

Caitheann an té ar leis tabhairt an liathróid inairde san aer is buaileann sé thar an líontán í. Ní mór don imreoir ar an taobh thall an liathróid a bhualadh ar ais ar an gcéad luascadh thar an líontán arís. Leantar mar sin go gcuirtear an liathróid ar fóraíl nó faoin líontán.

Nuair a bhíonn comórtas ar siúl imrítear **sraith leadóige** agus bíonn sé chluiche ar a laghad i ngach sraith.

Bíonn dhá shaghas **faiche leadóige** ann—ceann acu **crua** agus an ceann eile **bog**. Imrítear ar na cúirteanna crua ó cheann ceann na bliana ach is le linn an tsamhraidh—nuair a bhíonn an talamh tirim—a imirítear ar na cúirteanna boga de ghnáth. Imríonn fir is mná, buachaillí is cailíní an cluiche agus baineann siad uile taitneamh is scléip as.

## Ceisteanna

1 Cá n-imrítear an leadóg?
2 Cad chuige an líontán a bhíonn trasna lár na cúirte?
3 Cad leis go mbuailtear (i) liathróid leadóige, (ii) sliotar?
4 Mínigh cad is cluiche (i) singil, (ii) dúbalta?
5 Conas a bhíonn na himreoirí gléasta?
6 Tabhair cuntas ar conas imrítear an leadóg.
7 Cathain a imrítear sraith leadóige?
8 Cad é an dá shaghas faiche ar a n-imrítear an leadóg?
9 Cé imríonn an leadóg?
10 Cén fáth ná beadh leadóg oiriúnach do sheandaoine?

## Gramadach

1 Scríobh ainm briathartha de gach briathar sa liosta thíos: Bailigh, bréagnaím, brostaigh, cabhraigh, críochnaigh, deisigh, diúltaigh, feistigh, fréamhaigh, ísligh, léirigh, mharaigh sé, meabhraigh, scannraigh, socraigh, smachtaigh, ullmhaigh, cónaím, éirigh, aithnigh, imir, labhair, ceangail, cuimhnigh, ceannaigh, cuardaigh, admhaigh, imigh, inis, tóraigh.

2 (*a*) Scríobh an Uimhir Iolra de na focail seo a leanas:
(i) An carr daite. (ii) An bóthar fada bán. (iii) An rós geal aoibhinn. (iv) An doras ard. (v) An réal nua. (vi) An tobar domhain. (vii) An claíomh faobhrach. (viii) An smaoineamh uasal. (ix) An gníomh cróga. (x) An laoch bríomhar. (xi) An chlann óg. (xii) An long mhór.
(*b*) Cuir an réamhfhocal "ar" roimh gach focal sa liosta thuas.
(*c*) Cuir an réamhfhocal comhshuite "in aice" roimh gach ceann díobh freisin.

3 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:
Scanradh, eagla, brón, uaigneas, breall, stad ná cónaí, de shíor, geit, réidh, ar buile, ladhar, i réim, ní chorródh sé cos.

Aiste

D'imir mé cluiche leadóige.

## 25 AN PHEIL GHAELACH

Imrítear an Pheil Ghaelach go forleathan ar fúd na hÉireann, agus in áiteanna thar lear mar Mheiriceá agus Shasana—ina bhfuil ár muintir scaipithe **go leitheadach.**

Bíonn cúig imreoir déag ar gach foireann. Tugtar an **cúl báire** ar an imreoir a sheasann sa chúl. Déanann sé a dhícheall le linn an chluiche gan an liathróid a ligean isteach sa chúl. Bíonn seisear os a chomhair amach ag cosaint an chúil freisin—tugtar na **cúlaithe** orthu. Ansin bíonn beirt ag imirt i lár páirce—**na fir láir** a tugtar orthu. Bíonn an seisear eile ag ionsaí an chúil agus tugtar na **tosaithe** orthu. Is é gnó na dtosaithe ná scóir d'fháil. Tá dhá shaghas scóir ann—**cúl** agus **cúilín.** Má chuirtear an liathróid isteach sa chúl faoin **trasnán** is cúl é ach má théann an

liathróid thar an trasnán is cúilín é. Is fiú cúl trí chúilín.

Bíonn rialacha faoi leith ag dul leis an gcluiche, agus sé gnó an réiteora an cluiche a riaradh agus cothrom na féinne a thabhairt do ghach taobh.

Bíonn beirt **mholtóir** ag gach cúl—nuair a chuirtear báire ardaíonn moltóir **brat uaithne.** Má chuirtear cúilín ardaíonn an moltóir eile **brat bán.** Séideann an réiteoir an fheadóg nuair a déantar feall agus ansin tugtar **saorchic** don fhoireann eile.

Tagann na sluaite ó gach aird den tír agus ó thíortha thar lear go dtí Páirc an Chrócaigh gach bliain chun an cluiche ceannais d'fheiceáil. Is fiú bheith i láthair an lá sin gan aon agó.

## Ceisteanna

1 Conas a tharla go n-imrítear an Pheil Ghaelach i Sasana agus Meiriceá?
2 An mó duine a bhíonn ar fhoireann?
3 Cad é gnó an chúl báire?
4 Cá mbíonn na cúlaithe le linn an chluiche?
5 Cad a dhéanann na tosaithe?
6 Cad a bheadh ort a dhéanamh chun (i) báire, (ii) cúilín a chur?
7 Cén fáth gur fearr cúl ná cúilín?
8 Cad é gnó an réiteora le linn an chluiche?
9 Bíonn beirt mholtóir ag gach cúl—cad déanann siad?
10 Cá bhfios duit go gcuireann na daoine an-suim sa pheil Ghaelach?
11 Cá bhfuil Páirc an Chrócaigh suite?
12 Cén fáth gur tugadh Páirc an Chrócaigh ar an bhfaiche sin?

## Gramadach

1 (*a*) Cuir claoninsint ar na habairtí thíos. Tosaigh mar seo: Dúirt sé . . .

(i) Is capall é. (ii) Is é an t-asal é. (iii) Ní asal é. (iv) Ní hé an capall é. (v) Is í an bhó í. (vi) Níorbh é an capall é. (vii) Is í Úna í. (viii) Ní hí Máire í.

(*b*) Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) An é Seán é? (ii) Arbh é Tomás é? (iii) An í Nóra í? (iv) An é Pádraig é? (v) An tarbh é? (vi) Arbh asal é? (vii) Arbh í Úna í?

2 Scríobh na focail seo a leanas san Uimhir Iolra:

Sárdhuine, seanduine, leasdeartháir, athair baistí, seansaighdiúir, cúldoras.

3 Abairtí a chumadh ina mbeidh "na cainteanna" seo a leanas:

Bhí lúcháir air, ar nós na gaoithe, ceann cúrsa, go mion, i ndeireadh na preibe, buailte amach, i mbéal an bháis, lán go béal, ag goilliúint air, dea-cháil, droch-cháil.

Aiste

An Domhnach a chaith mé ag an gcluiche.

## 26 AN CHAMÓGAÍOCHT

I dtosach na haoise seo tosaíodh ar chamógaíocht d'imirt in Éirinn don chéad uair. Roimhe sin bhí iománaíocht agus peil Ghaelach ann chun freastal ar bhuachaillí is ar fhir óga, ach ní raibh aon **chluiche riartha** do chailíní óga na tíre. Tháinig leigheas ar an scéal nuair a bhunaigh Craobh de Chonradh na Gaeilge an chamógaíocht i gcomhair na gcailíní.

Is mór an dul chun cinn atá déanta ag an gcamógaíocht le fiche bliain anuas agus anois is beag baile ar fud na tíre ná fuil foireann dá chuid féin ann.

Bíonn **aon imreoir déag** ar fhoireann camógaíochta agus bíonn **camán** i láimh gach cailín agus í ag tarraingt ar an **sliotar** díreach mar a dhéanann na fir i **gcluiche iománaíochta.** Baineann na rialacha céanna leis an imirt freisin.

Imrítear comórtais freisin ar aon dul le cluichí na bhfear agus bíonn na sluaite i láthair chun an craobh chluiche d'fheiceáil. Cuireann na scoileanna uile an-suim sa chamógaíocht freisin.

Bíonn na himreoirí gléasta go deas néata ar pháirc na himeartha agus chuirfeadh sé gliondar croí ar dhuine bheith ag féachaint orthu ag rith timpeall na páirce agus an liathróid á bualadh acu **le luas** agus **le fuinneamh**.

### Ceisteanna

1 Cé acu is sine an pheil nó an chamógaíocht? Cá bhfios duit?
2 Cé bhunaigh an chamógaíocht?
3 Cá bhfios duit go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le camógaíocht?
4 Cad iad na cosúlachtaí atá idir iománaíocht agus camógaíocht?
5 An mó cailín a bhíonn ar fhoireann chamógaíochta?
6 Conas a bhíonn na himreoirí gléasta le linn an chluiche?
7 Cá bhfios duit gur cluiche sláintiúil é an chamógaíocht?
8 Cé bhíonn i bhfeighil an chluiche?
9 Ainmnigh cuid de na comórtais a imrítear i rith na bliana sa chamógaíocht.
10 Déan cur síos ar chluiche camógaíochta a chonaic tú.

### Gramadach

**1** Críochnaigh na habairtí seo a leanas:
(i) Dá mbeadh ocras ar Úna . . .
(ii) Dá mbeadh tart orainn . . .
(iii) Dá mbeadh mo bhróga briste . . .
(iv) Dá mbeadh tinneas cinn ar Sheán . . .
(v) Dá mbeadh teilifíseán uaim . . .
(vi) Dá mbeadh luch sa teach . . .
(vii) Dá mbeadh bolg an rothair pollta . . .
(viii) Dá bhfaighinn míle punt . . .
(ix) Dá dtagadh fear déirce chun mo thí . . .
(x) Dá mbeadh mo mháthair an-bhreoite . . .

2 Scríobh i bhfocail:
(3) fear, (13) duine, (9) bean, (10) leanbh, (19) duine, (14) fear, (43) duine, (35) fear, (32) bean, (36) ceann, (42) ceann.

3 Abair cathain a bhíonn na féilte seo a leanas ann:
(i) Lá Nollag. (ii) Lá Coille. (iii) An Inid. (iv) An Carghas. (v) Lá le Pádraig. (vi) Oíche Shamhna.

**Aiste**

Bhí foireann na scoile ag imirt.

## 27 OIFIG AN PHOIST

Bíonn slua mór daoine le feiceáil i gcónaí in oifig an phoist agus a chúram féin ar gach aon duine. Sna hoifigí móra bíonn foireann mhór cléireach ag freastal ar an bpobal. Bíonn a ghnó speisialta féin idir lámha ag gach cléireach díobh. Bíonn cuid acu i bhfeighil stampaí mar díoltar stampaí de gach praghas san oifig.

Bíonn cléireach eile ag **glacadh táillí** i leith ceadúnas raidió agus teilifíse.

Má bhíonn duine ag cur airgid tríd an bpost is féidir leis na litir a **chlárú** nó **ordú airgid** nó **ordú poist** i leith suim airgid ar bith a fháil san oifig.

Íoctar **allúntaisí** do pháistí agus airgead an **tseanphinsin** in oifig an phoist freisin.

Is féidir airgead a chur i **dtaisce** nó **cártaí coigiltis** a cheannach leis ann.

Nuair is mian le duine scéal a chur go tapaidh chuig duine nó cara leis is féidir leis **telegram** a sheoladh ó oifig an phoist nó labhairt ar an **teileafón** lena chara.

Glactar le **bearta** freisin agus brathann an costas poist ar a meáchan. Is féidir bearta a

chlárú freisin agus bíonn táille breise le híoc as an gclárú.

Bíonn cléirigh eile go gnóthach san **oifig shórtála** ag sórtáil litreacha agus beart agus ag cur **postmharc** orthu. Um Nollaig nuair a bhíonn na mílte cartaí Nollag á seoladh tríd an bpost bíonn na cléirigh bhochta traochta amach is amach agus go deimhin bíonn saoire tuillte acu i ndiaidh na féile.

Bíonn an máistir poist i bhfeighil na hoibre go léir agus féachann sé chuige go ndéantar gach cuid den ghnó go héifeachtach beacht cruinn.

### Ceisteanna

1 Cén fáth go mbíonn slua mór le feiceáil in oifig an phoist de ghnáth?
2 Cad é an saghas stampa a chuirfeá ar (i) litir, (ii) cárta poist?
3 Cad é an costas bliantúil ar cheadúnas do (i) raidió, (ii) teilifíseán?
4 Cá rachfá chun na ceadúnais sin a cheannach?
5 Cad iad na slite ina bhféadfá airgead a sheoladh tríd an bpost?
6 Cad iad na hallúntaisí a híoctar in oifig an phoist?
7 Cá gcuirtear airgead i dtaisce de ghnáth?
8 Conas a chuirfeá glaoch teileafóin?
9 Dá mbeitheá ag seoladh beartán tríd an bpost cad a dhéanfá?
10 Cén fáth go mbeadh ort táille breise d'íoc as litir nó beartán cláraithe?
11 Cén fáth go mbíonn na cléirigh traochta um Nollaig?
12 Cad é an gnó a bhíonn le déanamh ag an máistir poist.

### Gramadach

**1** Dein cibé athrú is gá ar na briathra atá idir lúibíní anseo: (i) Nuair a bhí an bia (ith) agus an tae (ól) ag Seán, d'imigh sé chun an aonaigh. (ii) Níorbh fhada go raibh an margadh (déan) agus an bhó (díol) aige. (iii) Nuair a bhí sé (imigh), bhí fonn (troid) ar an ceannaitheoir.

(iv) "Tá go leor (deirim) agat," arsa an sáirsint leis. (v) "Sea agus tá ceacht (foghlaim) agam," arsa an ceannaitheoir. (vi) Ansin chonaic sé an bhó (ceangail) le roth an ghluaisteáin. (vii) Nuair a bhí fiche bó (ceannaigh) aige agus an t-airgead (tugaim) don fheirmeoir bhí lá maith (cuir) isteach aige. (viii) Ní raibh pingin (fág) aige ach bhí margadh maith (déan) aige an lá sin.

2 Scríobh i bhfocail:
(21) capall, (90) capall, (17) capall, (70) bó, (5) bó dhubh, (18) bó dhubh, (11) bád mór, (22) capall, (22) bróg, (48) cloigeann, (4) bliain.

3 Cuir i gcás go raibh teach ósta agat. Leag amach biachlár a bheadh oiriúnach do:
(i) bricfeasta, (ii) dinnéar, (iii) tae.

**Aiste**

Cuairt ar oifig an phoist.

## 28 TURAS GO DTÍ OSPIDÉAL

Tráthnóna amháin bhí Seán Óg ar a shlí abhaile ón mbaile mór. Bhí sé ina shuí go seascair compordach istigh i gcairt an asail agus gan cúram dá laghad air. Bhí an t-asal ag sodar go deas réidh dó féin ach i bpreib na súl tháinig gluaisteán timpeall an chúinne agus baineadh geit as an asal. Scinn sé trasna an bhóthair—leagadh é agus caitheadh Seán Óg amach ar an mbóthar agus gortaíodh go holc é. Thosaigh an rúille búille agus tógadh go dtí ospidéal é san otharcharr.

Nuair a chuala Tadhg an scéal d'imigh sé go dtí an t-ospidéal chun a chara d'fheiceáil. Ní raibh sé ar a shuaimhneas nuair bhuail sé cnag ar dhoras an ospidéil mar ní raibh sé riamh istigh san áras sin. D'oscail **banaltra óg** an doras dó agus thug sí cead dó dul go dtí an **barda** ina raibh Seán Óg. In airde an staighre leis agus bhuail sé cnag ar

dhoras an bharda agus isteach leis. Bhí Seán Óg ina luí sa leaba i gcúinne an bharda agus cuma **mílitheach** air. D'fhéach Tadhg mór thimpeall an bharda—bhí seisear othar eile ann ach ní raibh aithne aige ar aon duine díobh.

Mhol Seán Óg an áit go hard. Dúirt sé gur tugadh togha na haire dó ó tháinig sé isteach. Ansin tháinig dochtúir is banaltra isteach agus thug an dochtúir toradh an **x-ghathú** do Sheán Óg. Bhí cos agus lámh leis briste. Bhí an t-ádh le Seán Óg ná raibh an scéal níos measa. D'imigh an bhanaltra amach leis an dochtúir ach d'fhill sí arís is thug sí **instealladh** do Sheán Óg. Níorbh fhada go raibh ar Thadhg imeacht mar bhí sé in am tae. Ar a shlí amach chonaic sé othar bocht ar **shínteán** agus crot an bháis air. Bhí sé gan aithne gan urlabhra mar deineadh obráid air díreach roimhe sin. Ansin chonaic sé **máinlia** ag teacht amach as an **obrádlann.** Thug Tadhg faoi deara go raibh gach áit go **deismíneach** glan, agus go raibh togha na haire ar fáil ag na hothair go léir.

### Ceisteanna

1. Cá raibh Seán Óg ag dul tráthnóna amháin?
2. Ní raibh faic na fríde ag cur isteach air—cá bhfios duit?
3. Conas a tharla an timpiste?
4. Dá mbeifeá i láthair cé orthu go gcuirfeá fios?
5. Cár tógadh Seán Óg?
6. Cad a dhein Tadhg nuair a chuala sé an scéal?
7. Cén fáth ná raibh Tadhg ar a shuaimhneas?
8. Cad a bhíonn á dhéanamh ag banaltra san ospidéal?
9. Cár aimsigh Tadhg a chara?
10. An mó othar a bhí sa bharda ina raibh Seán Óg?
11. Conas a bheadh fhios agat ná raibh Seán Óg ar fónamh?
12. Cá bhfios duit go raibh Seán Óg sásta le gach rud san ospidéal?

13 Cad é an toradh a bhí leis an x-ghathú a bhí ag Seán Óg?

14 Bhí an t-ádh le Seán Óg—cén fáth go n-aontófá leis an tuairim sin?

15 Cad a chonaic Tadhg ar a shlí amach?

16 Cad a bhí á dhéanamh ag an máinlia san obrádlann?

17 Cá bhfios duit go raibh Tadhg sásta freisin le gach a bhí feicthe aige san ospidéal?

## Gramadach

1 (*a*) Déan cibé athrú is gá ar na briathra atá idir lúibíní anseo:

(i) (Tagaimid) anseo ar a naoi a chlog amárach, arsa an múinteoir agus (tosaigh) ag obairlá ithreach. (ii) Ná (bhí) aon bhuachaill déanach. (iii) (Dún) an doras nuair a (buail) an clog a naoi. (iv) Ná (lig) oraibh nár (cloisim) sibh an t-ordú. (v) (Tugaim) léasadh d'aon bhuachaill a (bhí) déanach. (vi) Ní (coimeád) ró-fhada sibh má (bhí) sibh go léir in am. (vii) (Tug) libh bhur lóin agus (tug) mé sos daoibh i lár an lae. (viii) Ná (bí) ag cnáimhseáil mar is fiú bheith poncúil.

(*b*) Cuir claoninsint ar an ngiota ansin. Tosaigh mar seo: Dúirt an máistir le na buachaillí . . .

2 Cad a dhéanfá le:

(i) camán, (ii) tuáille, (iii) píosa cailce, (iv) teannaire, (v) eochair, (vi) sleán, (vii) scáthán, (viii) scuab, (ix) gunna, (x) gallúnach, (xi) siosúr.

3 Conas a dheiseofá tiúb rothair?

Bain feidhm as na focail seo:

Fleasc an rotha, bonn, teannaire, báisín uisce, boilgíní, slaod, cailc, paiste rubair, clúdach, cosanta, go teann.

## Aiste

Bhí mo chara breoite.

## 29 CHAITH TOMÁS LÁ AG AN AERFORT

Bhí gliondar croí ar Thomás Ó Briain lá amháin mar bhí beartaithe aige cuairt a thabhairt ar an aerfort an tráthnóna sin. Nuair a shroich sé an t-aerfort chonaic sé **foirgneamh** mór a bhí achar beag istigh ón mbóthar.

Isteach leis agus ansin chuaigh sé go dtí an **foirgneamh láir.** Anseo chonaic sé na **hoifigí fiosrúcháin, halla an chustaim-scrúdaithe,** an bhialann, agus na teileafóin. Ar bharr an fhoirgnimh chonaic sé an **riar-thúr,** na **seomraí raidió** agus an **oifig shíonaisnéise.**

Ansin chuaigh sé in airde ar **tháilleog** agus bhí radharc iontach le fáil aige ar eitleáin **ag tuirlingt** agus **ag dul ar eite.** Chonaic sé na bóithre ar a thuirlingíonn na heitleáin—tugtar na **rothagáin** orthu. Ar imeall na páirce chonaic se an **Stáisiún Múchta Tine** agus na hinnill istigh, ullamh i gcónaí ar eagla go dtarlódh timpiste agus go rachadh eitleán trí thine.

Níorbh fhada go bhfaca sé eitleán mór ag túirlingt. Tháinig sé anuas go mall réidh ar an **rothagán** agus ansin stad sé san áit ina bhfágann na paisinéirí é. Bhí fothram mór ós na hinnill go dtí gur stad sé sa deireadh. Ansin cuireadh dréimire taobh leis in aice an dorais. D'oscail an **aeróstach** an doras agus tháinig sí amach—lean na paisinéirí í agus sa deireadh an bheirt **phíolóta.** D'imigh na paisinéirí isteach go dtí halla an chustaim-scrúdaithe chun go ndéanfaí scrúdú ar a gcuid bagáiste. Fuair sé amach go ngluaiseann eitleán in aghaidh na gaoithe i gcónaí, nuair a bhíonn sé ag tuirlingt nó ag dul ar eite. Chonaic sé freisin na **talamh-shoilse** a thugann treoir don phíolóta istoíche.

Bhain Tomás an-taitneamh as a chéad thuras go dtí an t-aerfort.

### Ceisteanna

1 Cad a bhí beartaithe ag Tomás lá amháin?
2 Cá bhfios duit go raibh sé ag súil leis an turas?
3 Cá raibh an foirgneamh suite?
4 Cad a bhí le feiceáil aige sa bhfoirgneamh láir?
5 Cad a bhí ar siúl sna seomraí raidió?
6 Cad chuige an táilleog?
7 Cén fáth go mbíonn Stáisiúin Múchta Tine ag an aerfort?
8 Tabhair cuntas ar eitleán (i) ag tuirlingt, (ii) ag dul ar eite.
9 Cad a dhéanann an aeróstach?
10 Cad a tharlaíonn i halla an chustaim-scrúdaithe?
11 Cathain a thugann na talamh-shoilse cabhair don phíolóta?
12 Cá bhfios duit go raibh Tomás sásta leis féin?

### Gramadach

**1** Scríobh an Aimsir Fháistineach 3ú Pearsa Iolra agus an Aimsir Ghnáthchaite 2ú Pearsa Uatha de na briathra seo a leanas:
(i) Dún, fág, tóg, suigh, déan, buail, ól, siúl, sábháil.
(ii) Ceannaigh, beannaigh, fiafraigh, tosaigh, léirigh, maisigh, oibrigh, réitigh.

**2** Freagair na ceisteanna seo a leanas:
(i) An mó lá i Mí an Mheithimh? (ii) An mó lá i mbliain bhisigh? (iii) Ainmnigh séasúir na bliana. (iv) Ainmnigh míonna na bliana. (v) Ainmnigh laethanta na seachtaine.

**3** Cad a thuigeann tú le:
(i) Duine dall? (ii) Duine bodhar? (iii) Duine maol? (iv) Duine bacach? (v) Duine ar leath-chois? (vi) Duine ar leath-láimh? (vii) Duine ar leath-shúil? (viii) Duine flaithiúil? (ix) Duine sprionlaithe? (x) Duine cneasta?

### Aiste

Mo chéad thuras in eitleán.

# 30 CUAIRT GO DTÍ AN TEACH ÓSTA

Chaith Úna agus a máthair là ag siopadóireacht sa chathair nuair a bhí laethanta saoire na Nollag aici. Bhí ocras orthu araon nuair a tháinig am dinnéir agus chuaigh siad isteach go **teach ósta** chun béile d'fháil.

Leath a súile ar Úna nuair a chonaic sí na sluaite a bhí istigh rompu. Bhí **freastalaí** ina seasamh in aice an dorais agus threoraigh sí go bord folamh iad. Bhí an t-ádh leo mar b'é sin an t-aon bhord a bhí folamh san áit.

Ansin thug an freastalaí **biachlár** dá máthair. D'fhéach sí go géar air agus thogh sí **anraith tiubh** don bheirt acu. Thaitin an t-anraith thar barr le Úna; níor ól sí riamh anraith chomh so-bhlasta leis. Ansin d'ordaigh a máthair **uaineoil** agus **anlann miontais.** Thogh sí cóilís agus cairéid freisin agus prátaí bruite. D'ith Úna an béile go fonnmhar mar bhí ocras an domhain uirthi.

Mar **iar bhéile** thogh máthair Úna **traidhfil** don bheirt acu agus is é a bhí go deas so-bhlasta.

Bhí a dóthain ite ag Úna um an dtaca seo agus bhí sí lánsásta léi féin. Bhí cupán caifé ag a máthair agus ansin dhíol sí as an mbéile agus d'imigh siad leo chun críoch a chur le siopadóireacht na Nollag. Bhí Úna ag caint faoin chuairt a thug sí ar an teach ósta nuair a tháinig sí abhaile an oíche sin.

### Ceisteanna

1 Cén fáth go dtáinig Úna is a máthair go dtí an chathair?
2 Cár chuaigh siad am dinnéir?
3 Cad a chuir ionadh ar Úna?
4 Cad a dhéanann an freastalaí?
5 Cén fáth go raibh an t-ádh leo?
6 Cá bhfios duit go raibh cáil ar an teach ósta sin?

7 Cén fáth gur thug an freastalaí biachlár don bhean?
8 Cá bhfios duit gur thaitin an t-anraith le Úna?
9 Déan cur síos ar an mbéile a thogh an bhean.
10 Cá bhfios duit go raibh ocras ar Úna?
11 Cén fáth nár ól Úna an caifé?
12 Cad a bhíonn de ghnáth ag duine leis an gcaifé?
13 Cad dúirt Úna faoin teach ósta nuair a chuaigh sí abhaile?

## Gramadach

**1** (i) Scríobh an Modh Coinníollach 2ú Pearsa Iolra agus an Aimsir Chaite 3ú Pearsa Iolra de na briathra seo a leanas:

Beir, clois, déan, abair, faigh, feic, ith, tar, téigh, tabhair.

(ii) Scríobh an Briathar Saor: (*a*) Aimsir Fháistineach, agus (*b*) Aimsir Ghnáthchaite, de gach ceann díobh freisin.

2 Líon na bearnaí sna habairtí seo a leanas:

Chuaigh Máire (——) sa siopa.

Bheannaigh an siopadóir (——).

"Cad tá (——) inniu" ar sise (——).

"Tabhair (——) bulóg aráin agus punt tae le do thoil," arsa Máire. "Cé mhéad atá (——) anois," ar sise nuair a thug an siopadóir na hearraí (——). "Seacht scilling is réal," arsa an siopadóir. Thóg Máire punt (——) a sparán agus thug sí (——) siopadóir é. Nuair a fuair sí an tsóinseáil d'fhág sí slán (——) an siopadóir, chraith sí lámh (——) agus amach an doras (——). Ar a slí abhaile ar an rothar baineadh geit (——) nuair a rith madra amach (——) ar an mbóthar. Thuirling sí (——) rothar agus isteach (——) sa chasán. Chuir a máthair fáilte (——). Bhain sí (——) a cóta agus thosaigh sí ag obair. "Caithfimid an chócaireacht a dhéanamh sar i bhfad," arsa a máthair, "mar ní fada (——) an Nollaig anois." "Cabhróidh mé (——) agus fáilte," arsa Máire, "ná bíodh aon eagla (——). "Ní dhéanfainn dabht (——)," arsa a máthair (——), "bhí fhios (——) go ndéanfá rud (——) in am an ghá."

## Aiste

Thóg Maimí go teach ósta mé.

# Saothar eile leis an údar

Tús Saothair
Trialacha Gaeilge
Stories from Our History
Tests in English
Practical Tests in Arithmetic

# Clár


| Ceacht | | Leath. |
|---|---|---|
| 16. | An Réiteoir | 33 |
| 17. | An Súinéir ag Obair | 35 |
| 18. | An Sagart is a chuid Oibre | 37 |
| 19. | An Garda Síochána | 39 |
| 20. | An Táilliúir agus an Bantáilliúir | 41 |
| 21. | An Fiaclóir agus an Bearbóir | 44 |
| 22. | An Gréasaí ag Obair | 46 |
| 23. | An Sorcas Anois agus Fadó | 48 |
| 24. | Cluiche Leadóige | 50 |
| 25. | An Pheil Ghaelach | 52 |
| 26. | An Chamógaíocht | 54 |
| 27. | Oifig an Phoist | 56 |
| 28. | Turas go dtí Ospidéal | 58 |
| 29. | Chaith Tomás Lá ag an Aerfort | 61 |
| 30. | Cuairt go dtí an Teach Ósta | 63 |



Ó FALLÚIN

# Saothar is Súgradh

Bhunaigh mé an leabhar seo ar an gcaighdeán a léirítear i nGramadach na Gaeilge.

Ba chóir ar dtús feidhm a bhaint as na hAistí mar ábhair Comhrá agus chuige sin tá na focail nua breacaithe i gcló trom chun deis a thabhairt do scoláirí iad a mheabhrú go cruinn, i dtreo is go mbeidh ar a gcumas a gcuid foclóra a leathanú go tuisceanach.

Ansin ba chóir feidhm a bhaint as na ceisteanna a ghabhann le gach aiste, chun taithí a thabhairt dóibh ar ghiotaí a scagadh go réasúnta. D'fhéadfaí bheith ag súil le freagraí níos iomláine do réir éirimiúlachta an ranga a bheadh ag déanamh na hoibre.

Ullmhaíodh na ceachtanna scríofa chun taithí a thabhairt do scoláirí ar mhúnlaí cainte a chleachtadh chun feabhas a chur ar a gcuid aistí.

Ba chóir go gcabhródh na Ceachtanna Graiméir leis na scoláirí chun deis a thabhairt dóibh eolas a chur ar Bhunphrionsabail an Ghraiméir.

Ó FALLÚIN